



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2025
COM(2025) 287 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Tuarascáil maidir le toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa

{SWD(2025) 147 final}

1. RÉAMHRÁ

Tá na toghcháin i gcoilín an daonlathais agus tá na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i measc na gcleachtaí daonlathacha is mó ar domhan. Ba cheart dóibh na caighdeáin dhaonlathacha is airde a leanúint.

Idir an 6 agus an 9 Meitheamh 2024, thogh saoránaigh den Aontas Eorpach 720 Feisire de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) go díreach ó thart ar 18 400 iarrthóir¹. Trí vóta a chaitheamh, cuidíonn siad le féiniúlacht choiteann Eorpach a fhorbairt, agus iad ceangailte le chéile ag ár ngréasán cultúrtha saibhir agus éagsúil. Tháinig daoine a bhfuil cultúir éagsúla, stair chasta agus peirspictíochtaí éagsúla acu le chéile an tráth céanna chun a mian a chur in iúl d'Aontas iomlán ina bhfuil 27 dtír. As beagnach 360 milliún vótálaí incháilithe, caitheadh thart ar 180 milliún vóta ar fud an Aontais².

Bhí líon na vótálaithe (50,74 %) ag teacht go dlúth le líon na vótálaithe i dtoghcháin 2019, rud a léirigh beocht leanúnach ár ndaonlathais. Nuair a fheidhmíonn saoránaigh den Aontas a gcearta toghchánacha, áiríthíonn sé go gcloisfear a nguth agus tugann sé deis dóibh an clár oibre polaitiúil a mhúnlú. Tá muintir na hEorpa go mór ar an eolas faoi thábhacht na dtoghchán sin³, agus tá iontaobhas i ndaonlathas parlaiminteach na hEorpa ag leibhéal ard nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo⁴.

Eagraíodh toghcháin 2024 agus claochluithe móra os comhair daonlathais san Aontas agus níos faide i gcéin. Tá feachtais toghcháin tar éis aistriú go mór mór go dtí an réimse ar líne agus tá ról níos tábhachtaí ag na meáin shóisialta. Mar a cuireadh i dtábhacht i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um an Daonlathas Eorpach⁵, tá deiseanna nua ann le haghaidh idirghníomhaíochtaí díreacha idir gníomhaithe polaitiúla agus vótálaithe. Is féidir leis an bPlean rannpháirtíocht dhaonlathach a spreagadh agus tá sé an-éifeachtach freisin ó thaobh daoine óga a spreagadh chun bheith rannpháirteach sa saol daonlathach. An tráth céanna, mar thoradh ar leitheadúlacht na feachtasaíochta ar líne, is gá rioscaí sonracha a mhaolú. Is mó an gá ná mar a bhí roimhe seo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail na dúshláin sin a bhaineann le cibearbhagairtí, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), bréagaisnéis nó mí-úsáid theicneolaíochtaí na hintleachta saorga (IS). Sa chomhthéacs sin, is cúis mhór inní do shaoránaigh cineálacha éagsúla cur isteach ar thoghcháin, lena n-áirítear trí bhréagaisnéis (78 %), cibear-ionsaithe (72 %) nó tionchar ceilte tíortha eachtracha (70 %)⁶.

Is ar na Ballstáit atá na príomhfhreagrachtaí maidir le toghcháin. Is iad a n-inniúlacht agus a bhfreagracht na coinníollacha sonracha a leagan síos maidir le stiúradh agus eagrú toghchán, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus le dlí an Aontais is

¹ Mar a thuairiscigh an Eagraíocht Sochaí Sibhialta agus an Líonra Breathnóirí Toghcháin Election-Watch.EU.

² Eurostat, [Daoine atá incháilithe chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024 de réir catagóir vótálaithe](https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/demo_popep_esms.htm), a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 2 Lúnasa 2024. Meiteashonraí gaolmhara: https://ec.europa.eu/eurostat/cache/metadata/en/demo_popep_esms.htm.

³ [Suirbhé Earraigh 2024 ó Pharlaimint na hEorpa](#): Bain úsáid as do vóta — Comhaireamh síos chuig na toghcháin Eorpacha: Breis agus 26 000 freagróir sna Ballstáit uile den Aontas Eorpach. Tugtar le fios i dtorthaí an tsuirbhé sin go bhfuil saoránaigh den Aontas go mór ar an eolas faoi thábhacht na dtoghchán sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, agus aontaíonn níos mó ná ochtar as gach deichniúr (81 %) go bhfuil sé níos tábhachtaí fós vóta a chaitheamh.

⁴ [Suirbhé iarthoghcháin an Aontais](#) 2024. Léiríonn torthaí an tsuirbhé sin go bhfuil an t-iontaobhas i ndaonlathas parlaiminteach na hEorpa an-ard ag tús an deichiú téarma parlaiminteach de chuid Pharlaimint na hEorpa: Tá íomhá dhearfach de Pharlaimint na hEorpa ag 42 % de na saoránaigh — an toradh is airde a taifeadh ó cuireadh an cheist den chéad uair.

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis [an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach](#), COM/2020/790 final, 3 Nollaig 2020.

⁶ Eorabharaiméadar 2023 maidir le saoránacht agus daonlathas. Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

infheidhme, agus is ar a n-údaráis agus a gcúirteanna atá an phríomhfhreagracht as maoirseacht a fheidhmiú agus comhlíonadh na rialacha ábhartha a áirithiú. Maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, leagtar amach prionsabail agus nósanna imeachta coiteanna áirithe i ndlí an Aontais, lena n-áirítear Ionstraim 1976 maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach⁷ agus na rialacha a chuireann ar chumas saoránach soghluaiste de chuid an Aontais a gceart chun vótáil agus chun seasamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina dtír chónaithe a fheidhmiú.

Cuireann gníomhaíocht an Aontais chun tacú le saorthoghcháin chóra breisluach tábhachtach ar fáil. Ó bhí 2019 ann, mar chuid d'iarracht níos leithne chun an daonlathas a chur chun cinn agus a neartú, tá a thacaíocht do na Ballstáit sa réimse sin treisithe ag an Aontas. Le tionscnaimh amhail iad siúd faoi Phlean Gníomhaíochta 2020 um an Daonlathas Eorpach, pacáiste beart 2021 chun an daonlathas a threisiú agus sláine na dtoghchán san Aontas a chosaint⁸, agus pacáiste 2023 maidir le Cosaint an Daonlathais⁹, soláthraítear uirlisí nua chun athléimneacht na ndaonlathas agus na dtoghchán san Aontas a threisiú.

Mar chuid den obair sin, leis an Moladh ón gCoimisiún i mí na Nollag 2023 maidir le toghcháin chuimsitheacha athléimneacha (dá ngairtear 'Moladh 2023 maidir le toghcháin' anseo feasta)¹⁰, soláthraítear treoirphlean tábhachtach chun tacú leis na hullmhúcháin do thoghcháin agus le stiúradh na dtoghchán. Is ar na Ballstáit, ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta, ar fhondúireachtaí polaitiúla agus ar eagraíochtaí feachtais atá sé dírithe, i gcomhthéacs ullmhúcháin do thoghcháin san Aontas, lena n-áirítear toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa.

Áirítear i mbosca uirlisí an Aontais roinnt bearta reachtacha agus rialála freisin atá ábhartha sa chomhthéacs toghchánach, lena n-áirítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)¹¹ agus a Threoirlínte maidir le rioscaí sistémacha do phróisis toghcháin a mhaolú¹², an Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla¹³ agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga¹⁴.

Sna hullmhúcháin do thoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, chonacthas comhar gan fasach idir na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus páirtithe leasmhara. An 24 Aibreán 2024, ghníomhachtaigh Uachtaránacht na Beilge ar an gComhairle na socrúithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar

⁷ [An Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe an Tionóil trí vótáil chomhchoiteann dhíreach](#), IO L 218, 8.10.1976.

⁸ An Coimisiún Eorpach, [Daonlathas Eorpach: Tá dlíthe nua maidir le fógraíocht pholaitiúil, cearta toghchánacha agus cistiú páirtithe á leagan amach ag an gCoimisiún](#), 25 Samhain 2021.

⁹ An Coimisiún Eorpach, [Cosaint an Daonlathais — Molann an Coimisiún go dtabharfaí tionchar eachtrach ceilte chun solais](#), 12 Nollaig 2023.

¹⁰ [Moladh \(AE\) 2023/2829 ón gCoimisiún](#) an 12 Nollaig 2023 maidir le próisis toghcháin chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, arna chur i láthair mar chuid den Phacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais, IO L, 2023/2829, 20.12.2023.

¹¹ [Rialachán \(AE\) 2022/2065](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), IO L 277, 27.10.2022.

¹² An Coimisiún Eorpach, [Treoirlínte do sholáthraithe VLOPanna agus VLOSEnna maidir le rioscaí sistémacha do phróisis toghcháin a mhaolú](#), 26 Aibreán 2024.

¹³ [Rialachán \(AE\) 2024/900](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla, IO L, 2024/900, 20.3.2024.

¹⁴ [Rialachán \(AE\) 2024/1689](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (Gníomh um an Intleacht Shaorga), IO L, 2024/1689, 12.7.2024.

Ghéarchéimeanna (IPCR) sa mhodh comhroinnte faisnéise i ndáil le cur isteach eachtrach i dtoghcháin Eorpacha 2024¹⁵, rud a chuidigh le malartú faisnéise idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais.

Reáchtáil an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin¹⁶ (LCET), líonra a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún agus ina bhfuil pointí teagmhála náisiúnta arna gceapadh ag na Ballstáit, raon leathan seisiún téamach maidir le saorthoghcháin chóra agus athléimneacha, agus dea-chleachtais agus faisnéis á comhroinnt, le rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa. Tharla comhar idir LCET agus líonraí eile de chuid an Aontais, chomh maith le rannpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear breathnóirí toghcháin. Ina theannta sin, gníomhachtaíodh raon leathan tionscnamh agus struchtúr comhair agus cuireadh cinn nua ar bun chun dul i ngleic le bagairtí amhail FIMI, bréagaisnéis, bagairtí cibearshlándála nó saincheistean eile a dhéanann difear do shláine toghcháin. Áirítear leis sin, mar shampla, an Mheitheal *ad hoc* sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, nó Tascfhórsa tiomnaithe na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha, chomh maith leis an nGrúpa Saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin¹⁷.

Thacaigh Parlaimint na hEorpa go gníomhach le stiúradh rianúil toghcháin 2024, le straitéis chumarsáide arb é is aidhm di tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus iad a chomhlánú agus peirspictíocht Eorpach a chur ar fáil do na toghcháin. Rinne Parlaimint na hEorpa bearta sonracha freisin chun an bhréagaisnéis a chomhrac, agus cur chuige á ghlacadh aici lena ndírítear ar chumarsáid réamhghníomhach, ar fhorbairt athléimneachta, ar fheasacht ar dhálaí agus ar mhearfhreagairt, lena n-áirítear timpeallacht shlán faisnéise do shaoránaigh uile den Aontas.

Sna Conclúidí uaithe maidir le hathléimneacht dhaonlathach agus próisis toghcháin a chosaint ar gach cineál cur isteach eachtrach¹⁸, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún anailís chríochnúil a dhéanamh ar na ceachtanna atá le foghlaim ó toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa¹⁹. I mí an Mheithimh 2024, d'fhorhmeas an Chomhairle freisin Conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a fheabhsú agus a chosaint²⁰.

Chuidigh na bearta a rinne gach institiúid de chuid an Aontais agus na Ballstáit, chomh maith leis an gcomhar eatarthu nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lena áirithiú go raibh na toghcháin ar siúl go rianúil ar an iomlán, gan aon mhórtheagmhas, d'ainneoin dúshláin amhail méadú ar bhréagaisnéis a bhaineann leis an Aontas²¹ nó cásanna éagsúla de ghníomhaíocht FIMI a bhrath²².

¹⁵ Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Cur isteach eachtrach: An malartú faisnéise treisithe ag an Uachtaránacht roimh thoghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh 2024](#), 24 Aibreán 2024.

¹⁶ An Coimisiún Eorpach, [suíomh gréasáin an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin](#).

¹⁷ Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus Eintitis Chomhchosúla eile, [Grúpa saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin — An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha \(E00617\)](#).

¹⁸ Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Athléimneacht dhaonlathach: Conclúidí formheasta ag an gComhairle maidir le próisis toghcháin a chosaint ar chur isteach eachtrach](#), 21 Bealtaine 2024.

¹⁹ D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin 'aiseolas cuimsitheach a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le héifeachtacht na sásraí, na líonraí, na n-uirlisí agus na mbearta ábhartha, agus tuairisciú a dhéanamh ar aon saincheist agus bearna a sainathnódh sna huirlisí atá ar fáil ionas gur féidir iad a cheartú'.

²⁰ Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint](#), 14 Meitheamh 2024.

²¹ An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha, [Tascfhórsa EDMO maidir le toghcháin an Aontais 2024](#), 26 Iúil 2024.

²² SEGS, [an 3ú Tuarascáil ó SEGS maidir le Bagairtí i ndáil le hlonramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis, Ailtireacht oibríochtaí FIMI a nochtadh](#), Márta 2025.

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil sin ar stiúradh thoghcháin 2024²³. Tá sé bunaithe ar raon leathan foinsí, lena n-áirítear suirbhéanna ón gCoimisiún²⁴ arna gcur ar ais ag na Ballstáit agus ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta, glao ar fhianaise²⁵, aiseolas díreach ó shaoránaigh agus tuarascálacha ó bhreathnóirí toghcháin agus ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Leagtar amach torthaí mionsonraithe agus forléargas ar na foinsí sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

2. RANPHÁIRTÍOCHT I DTOGHCHÁIN 2024 DO PHARLAIMINT NA hEORPA

2.1. Líon na vótálaithe

I dtoghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa, d'fhan líon na vótálaithe cobhsaí ar an iomlán ag 50,74 %, rud a dheimhnigh treocht dhearfach thoghcháin 2019²⁶. Bhí difríochtaí substaintiúla idir na Ballstáit, áfach, ó 89,01 % sa Bheilg²⁷ go 21,35 % sa Chróit. Tháinig méadú ar líon na vótálaithe in 15 Bhallstát²⁸, le méaduithe dédhigiteacha ar fhigiúirí 2019 sa Chipir, san Ungáir, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic, agus méaduithe móra i dtíortha ina raibh líon na vótálaithe íseal roimhe sin, amhail an tSeicia, an Ísiltír agus an Phortaingéil. Idir an dá linn, thit líon na vótálaithe in 11 Bhallstát²⁹, lena n-áirítear laghdú dédhigiteach sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Liotuáin. Bhí laghduithe móra sa Danmhairg, san Iodáil, sa Pholainn agus sa Chróit freisin.

3 mhí roimh na toghcháin, fuarthas amach i suirbhé Eorabharaiméadair³⁰ earrach 2024 ó Pharlaimint na hEorpa gur léirigh 60 % de mhuintir na hEorpa spéis i dtoghcháin 2024. Léirigh sé sin méadú + 11 phointe céatadáin i gcomparáid le suirbhé earrach 2019, roimh na toghcháin roimhe sin do Pharlaimint na hEorpa. Chuir muintir na hEorpa in iúl freisin go raibh siad go mór ar an eolas faoi thábhacht na dtoghchán sa chomhthéacs geopholaitiúil leanúnach. Mar sin féin, níor léiríodh líon na vótálaithe i bhfad níos airde i gcomparáid le 2019 mar gheall ar an méadú foriomlán sin ar an spéis sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

Léiríodh i suirbhé iarthoghcháin³¹ ó Pharlaimint na hEorpa gurbh iad na príomhábhair a spreag saoránaigh den Aontas ar deireadh chun vóta a chaitheamh ná ardú praghsanna agus an costas maireachtála (42 %), agus ina dhiaidh sin an staid eacnamaíoch i gcoitinne (41 %). Is cosúil freisin gur nós daonlathach í an vótáil do go leor daoine, agus d'fhéadfadh sé gur cúiseanna a bhaineann le rannpháirtíocht pholaitiúil (amhail easpa muiníne nó míshástacht leis an bpolaitíocht) is cúis le neamh-

²³ Chuir an Leas-Uachtarán um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, [measúnú tosaigh](#) i láthair cheana féin i mí Dheireadh Fómhair 2024 ar oibríochtaí maidir le cur isteach aitheanta le linn thoghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa.

²⁴ Fuair an Coimisiún freagraí ar shuirbhéanna sonracha ó 25 Bhallstát, sé Pháirtí Pholaitiúla Eorpacha agus beagnach 60 páirtí polaitiúil náisiúnta.

²⁵ Bhí an [glao ar fhianaise](#) ar líne ón 6 Samhain go dtí an 4 Nollaig 2024.

²⁶ In 2019, bhí líon na vótálaithe cothrom le 50,66 % de na vótálaithe incháilithe.

²⁷ Sa Bheilg, tá an vótáil éigeantach. Tá an vótáil éigeantach freisin sa Bhulgáir, sa Ghréig agus i Lucsamburg. Tá tuilleadh faisnéise maidir le cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann lena mínítear líon na vótálaithe níos airde nó líon na vótálaithe níos ísle le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

²⁸ I dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024, tháinig méadú ar líon na vótálaithe sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa tSeicia, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Fhrainc, sa Chipir, sa Laitvia, san Ungáir, i Málta, san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa Rómáin, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic i gcomparáid le líon na vótálaithe sna toghcháin roimhe sin in 2019. San Eastóin, d'fhan líon na vótálaithe cobhsaí.

²⁹ I dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024, tháinig laghdú ar líon na vótálaithe sa Danmhairg, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Chróit, san Iodáil, sa Liotuáin, i Lucsamburg, san Ostair, sa Pholainn, san Fhionlainn agus sa tSualainn i gcomparáid le líon na vótálaithe sna toghcháin roimhe sin in 2019.

³⁰ [Suirbhé Earraigh 2024 ó Pharlaimint na hEorpa](#): Bain úsáid as do vóta — Comhaireamh síos chuig na toghcháin Eorpacha: Breis agus 26 000 freagróir sna Ballstáit uile den Aontas Eorpach.

³¹ [Suirbhé iarthoghcháin an Aontais](#) 2024.

rannpháirtíocht. Leanann dálaí socheacnamaíocha agus leibhéal oideachais de thionchar a imirt ar líon na vótálaithe³².

2.2. Eolas a thabhairt faoi na toghcháin, teagmháil a dhéanamh leis na saoránaigh agus cumarsáid a dhéanamh leo, agus tacú le cearta toghchánacha

Saoránaigh a chur ar an eolas agus dul i dteagmháil leo a mhéid a bhaineann le gné Eorpach na dtoghchán, a gcearta toghchánacha agus an próiseas toghcháin is infheidhme, tugann sé de chumhacht dóibh roghanna feasacha toghcháin a dhéanamh. Ghlac údaráis náisiúnta, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, chomh maith le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta, raon leathan tionscnamh chun eolas a chur ar fáil, chun teagmháil a dhéanamh agus chun cumarsáid a dhéanamh roimh thoghcháin 2024.

Le feachtas Pharlaimint na hEorpa, féachadh le peirspictíocht Eorpach a chur ar fáil do na toghcháin agus an daonlathas a léiriú i mbun gnímh. Bhí príomhchéim agus céim dheiridh an fheachtais dírithe ar an nglao ar ghníomhaíocht: ‘Bain úsáid as do vóta, nó déanfaidh daoine eile cinneadh duit’. Chuir an suíomh gréasáin tiomnaithe ‘ionad ilfhreastail’ le haghaidh toghcháin 2024³³ (suíomh gréasáin EE24) faisnéis chuimsitheach ar fáil lena gcumhdaítear eagrú agus próisis vótála sna Ballstáit. Eagraíodh é i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil freisin le toghcháin 2024 mar thosaíocht chumarsáide. Ag aithint dó an leas coiteann i ndaonlathas athléimneach agus an fhreagracht chomhroinnte as dlisteanacht dhaonlathach an Aontais, chomhlánaigh sé agus thacaigh sé le hiarrachtaí cumarsáide Pharlaimint na hEorpa mar chuid d’iarracht chomhpháirteach idirinstitiúideach.

Chuir an Coimisiún in iúl go raibh tionchar aige ar an taobh réamhghníomhach agus ar an taobh cosanta araon. Le cumarsáid fhairsing maidir leis na torthaí agus na tairbhí nithiúla a bhaineann lena chuid oibre do shaoránaigh le linn an tsainordaithe roimhe seo, tacaíodh le feasacht ar an méid a bhí i gceist. Chomhlánaigh an Coimisiún na hiarrachtaí sin trí fhaisnéis fhíorasach a chur ar fáil do shaoránaigh faoi na toghcháin, faoina gcearta toghchánacha agus faoin tábhacht a bhaineann le vótáil. Sa chomhthéacs sin, ghníomhachtaigh sé a líonraí agus grúpaí éagsúla den lucht scaipthe scéala agus chuidigh sé le pobal Pharlaimint na hEorpa ‘lecheile.eu don daonlathas’ - a mhéadú. Bhí vótálaithe óga agus céaduaire ina spriocphobal tábhachtach do ghníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, mar aon le ‘saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais’ (saoránaigh den Aontas a bhog go Ballstát eile chun obair, cónaí nó staidéar a dhéanamh). Thacaigh an Coimisiún freisin leis an bhfeachtas de chuid Pharlaimint na hEorpa ‘Bain úsáid as do vóta’ agus chuir sé leis an bhfeachtas sin trína chainéil go léir. Dhírigh gníomhaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin freisin ar FIMI a chosc agus dul i ngleic leis, lena n-áirítear bréagaisnéis, mar a mhínítear a thuilleadh i Roinn 4.2.

Samplaí de ghníomhaíochtaí cumarsáide sonracha roimh na toghcháin³⁴

- Áiríodh ar shuíomh gréasáin EE24 ‘ionad ilfhreastail’ faisnéis phraiticiúil, ábhair feachtasaíochta agus líne chabhrach thiomnaithe ó Ionad Teagmhála Europe Direct de chuid an Choimisiúin arna chomhordú go dlúth leis an tseirbhís ó Pharlaimint na hEorpa AskEP (féach Roinn 5.1 chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an líne chabhrach).

³² [Suirbhé iarthoghcháin an Aontais](#) 2024; féach freisin an Doiciméad Inmheánach Oibre chun tuilleadh sonraí a fháil.

³³ Parlaimint na hEorpa, [Toghcháin Eorpacha 6-9 Meitheamh 2024](#), arna rochtain go deireanach an 12 Márta 2025.

³⁴ Féach freisin an Doiciméad Inmheánach Oibre.

- Fuair físeán laochra an fheachtais³⁵ a rinne Parlaimint na hEorpa os cionn 3,7 milliún amharc agus 100 000 idirghníomhaíocht ar fud ardáin uile na meán sóisialta ar chuntais lárnacha an Choimisiúin.
- Áiríodh san fheachtas freisin comhar nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo leis na Ballstáit tríd an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin, a rinne athbhreithniú agus fíorú ar an bhfaisnéis faoi nósanna imeachta toghcháin a scaiptear trí chainéil an Aontais. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh vótálaithe faisnéis iontaofa a fháil go héasca chun tacú lena gcearta toghchánacha.
- Chomhlánaigh an Coimisiún an feachtas leathan 'Bain úsáid as do vóta' le feachtas faisnéise spriocdhírithe do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais atá ina gcónaí i mBallstát eile den Aontas nó sa Ríocht Aontaithe. Ba iad an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa a reáchtáil an feachtas sin agus bhain sé amach raon carnach iomlán 24 mhilliún thar dhá bhabhta.
- Gníomhachtaíodh grúpaí éagsúla den lucht scaipthe scéala amhail tionchairí agus cruthaitheoirí ábhair, rud a spreag 41 000 duine teagmháil a dhéanamh chomh maith le raon measta trí mhilliún duine. D'eagraigh an Coimisiún imeacht le tionchairí freisin le linn a fheachtais thiomnaithe a bhí dírithe ar shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais.
- Ghin gníomhaíochtaí cumarsáide Ionadaíochtaí an Choimisiúin raon iomlán de 213,5 milliún saoránach, gan na meáin shóisialta san áireamh.
- D'eagraigh Seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear na hIonadaíochtaí, agus líonraí an Choimisiúin 4 319 n-imeacht ina raibh thart ar 3,5 milliún rannpháirtí. Rannchuidigh líonra Europe Direct amháin le 3 185 imeacht agus 955 500 rannpháirtí.
- Tacaíodh le scaipeadh faisnéise tríd an 'Treoir maidir le saoránacht an Aontais'³⁶.

D'úsáid an Coimisiún an cistiú a bhí ar fáil chun tacú le húdaráis náisiúnta agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta tionscadail a chur chun feidhme chun saoránaigh den Aontas a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach, lena n-áirítear faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (SCCL). Idir 2021 agus 2024, leithdháil dhá shraith SCCL EUR 26,5 milliún chun 46 thionscadal a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh saoránaigh den Aontas a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach agus feidhmiú chearta saoránachta an Aontais a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Bhí na Ballstáit i mbun gníomhaíochtaí cumarsáide freisin. Mar fhreagairt ar an suirbhé a sheol an Coimisiún, thuairiscigh formhór na mBallstát go raibh siad páirteach in go leor gníomhaíochtaí múscaillte feasachta, trí straitéisí cumarsáide leathana a dhéanamh, trí fhearais chumarsáide nó cláir rannpháirtíochta poiblí a fhorbairt, nó trí thacú le rannpháirtíocht na saoránach trí línte cabhrach a chur ar fáil³⁷.

Bhí rannpháirtíocht na mBallstát agus comhar i measc institiúidí den Aontas agus comhar leis na hinstitiúidí sin ríthábhachtach do thionchar an fheachtais cumarsáide. Iarracht chomhtháite uile-Eorpach a bhí i bhfeachtas 2024, rud a chuir tábhacht an daonlathais agus na vótála chun cinn. Tugadh faoi deara leibhéal comhair nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, faoi cheannaireacht Pharlaimint na hEorpa, le 4 487 gcomhpháirtí institiúideacha san iomlán rannpháirteach i gcur chun cinn na dtoghchán (lena n-áirítear eagraíochtaí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha). Leis na comhpháirtíochtaí sin, bhíodhas in ann feachtais dhigiteacha chomhpháirteacha agus tionscnaimh

³⁵ Parlaimint na hEorpa, [Feachtas 'Bain úsáid as do vóta nó déanfaidh daoine eile cinneadh duit'](#), arna rochtain go deireanach an 18 Feabhra 2025.

³⁶ An Coimisiún Eorpach, [Treoir maidir le saoránacht an Aontais](#), 6 Nollaig 2023. Thuairiscigh ocht mBallstát go sainráite gur bhain siad úsáid as an Treoir ina n-iarrachtaí cumarsáide náisiúnta.

³⁷ Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

chomhroinnte faisnéise poiblí a chur i gcrích, agus cur chuige comhordaithe a ghlacadh maidir le hiarrachtaí chun vótálaithe a shlógadh.

2.3. Rannpháirtíocht grúpaí sonracha: daoine óga, mná, daoine faoi mhíchumas, saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais agus grúpaí eile

Is gné ríthábhachtach de dhaoilathais shláintiúla é gach grúpa a chuimsiú. Ba cheart fiordheiseanna a bheith ag gach saoránach a n-ionadaithe tofa a roghnú. Go ginearálta, d'fhan toghcháin 2024 cobhsaí ó thaobh chuimsitheacht na rannpháirtíochta toghcháin agus na n-iarrthóirí tofa de.

I Moladh 2023 maidir le toghcháin, iarrtar ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun tacú le líon leathan na vótálaithe, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis is gá a chur ar fáil do shaoránaigh. Foráiltear leis an Moladh gur gá do na Ballstáit agus do pháirtithe polaitiúla tacú le rannpháirtíocht gach grúpa saoránach i dtoghcháin, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí, agus a riachtanais agus a ndúshlán shonracha á gcur san áireamh.

Daoine óga

Ar an iomlán, níor tháinig feabhas ar rannpháirtíocht daoine óga in 2024 i gcomparáid le 2019. I bhformhór na mBallstát, is féidir le saoránaigh vóta a chaitheamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ó 18 mbliana d'aois. I dtoghcháin 2024, d'ísligh níos mó Ballstát an aois vótála agus ceadaíodh do shaoránaigh vóta a chaitheamh ó 16 bliana d'aois (an Bheilg, an Ghearmáin, Málta agus an Ostair)³⁸. Tugann tír amháin (an Ghréig) an ceart do shaoránaigh vóta a chaitheamh ó 17 mbliana d'aois³⁹. Tá difríochtaí ann freisin maidir leis an aois íosta chun seasamh mar iarrthóir⁴⁰.

Sa tréimhse roimh thoghcháin 2024, rinne na Ballstáit iarrachtaí sonracha chun rannpháirtíocht daoine óga a mhéadú, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí araon. Thug 15 as na 25 Bhallstát a d'fhreagair suirbhé an Choimisiúin le fios gur chuir siad béim ar leith ar dhaoine óga nó ar vótálaithe céaduaire maidir le rochtain éasca ar fheidhmiú ceart toghchánach a chur chun cinn⁴¹.

Rinne páirtithe polaitiúla bearta freisin chun tacú le daoine óga a bheith ag vótáil. As beagnach 60 páirtí polaitiúil náisiúnta a d'fhreagair an suirbhé, thuairiscigh thart ar 57 % go sainráite gur labhair siad le vótálaithe céaduaire agus le vótálaithe óga⁴². Bhí daoine óga ina spriocphobal sonrach de na feachtais chumarsáide idirinstiúideacha freisin.

D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, agus d'ainneoin gur chuir níos mó ná seisear as deichniúr (64 %) saoránach óg den Aontas (15-30) in iúl go raibh sé ar intinn acu vóta a chaitheamh⁴³, níor vótáil ach 36 % díobh siúd idir 15-24 bliana d'aois (más incháilithe) agus 46 % díobh siúd idir 25-39 mbliana d'aois i dtoghcháin 2024. Is laghdú 6 phointe céatadain é sin ó bhí 2019 ann, agus an méadú 14 phointe céatadain idir 2014 agus 2019 á fhritháireamh go páirteach.

³⁸ I dtoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa, níorbh amhlaidh an cás go fóill i gcás na Beilge agus na Gearmáine.

³⁹ D'fhormheas an Chipir bille lena dtugtar cearta vótála do dhaoine 17 mbliana d'aois i mí Eanáir 2025, a mbeidh feidhm aige ó na chéad toghcháin pharlaiminteacha náisiúnta eile i mí na Bealtaine 2026.

⁴⁰ I bhformhór na mBallstát, ní mór d'iarrthóirí a bheith 18 mbliana d'aois. I roinnt tíortha eile ní mór dóibh a bheith 21 bhliain d'aois (an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSlóvaic), nó 23 bliana d'aois (an Rómáin) nó 25 bliana d'aois (an Ghréig agus an Iodáil). Féach freisin [Faisnéisiú](#) ón bParlaimint maidir le toghcháin Eorpacha 2024, lena n-áirítear forléargas ar an gcreat dlíthiúil do na toghcháin, Feabhra 2024.

⁴¹ An Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil agus an Fhionlainn.

⁴² Mar shampla, trí ábhar ceoil agus físe a chruthú a bhí tarraingteach do lucht féachana óg, trí imeachtaí speisialta agus feachtais spriocdhírthe a eagrú, agus trí dhul i gcomhpháirtíocht le tionchairí.

⁴³ Eorabharaiméadar, [an Óige agus an Daonlathas](#), Bealtaine 2024.

Tá an aois fós ina toisc chinntitheach maidir le líon na vótálaithe, agus is mó seans fós go vótálfaidh daoine scothaosta ná daoine óga. De réir an tSuirbhé don Óige i mí Feabhra 2025⁴⁴, ba iad na cúiseanna ba choitianta nár vótáil daoine óga i dtoghcháin 2024 gealltanais eile (16 %) agus nach raibh dóthain faisnéise acu chun rogha a dhéanamh (16 %), agus ina dhiaidh sin gan teacht ar aon iarrthóir nó páirtí polaitiúil a rinne ionadaíocht ar a dtuairimí (15 %) agus mímhuintín nó míshástacht ghinearálta le polaiteoirí agus leis an bpolaitíocht (15 %). Is í an aois freisin a chinneann an uair a shocraíonn saoránaigh den Aontas vóta a chaitheamh, agus is minice a chinneann vótálaithe óga gan ach cúpla seachtain nó fiú cúpla lá roimh na toghcháin cé acu a vótálfaidh siad nó nach vótálfaidh siad⁴⁵.

Maidir le hionadaíocht (iarrthóirí tofa), níl ach 19,17 % de na suíocháin i bParlaimint nua na hEorpa ina bhfuil 138 bhFeisire de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) ag daoine óga (faoi bhun 40 bliain d'aois), ar laghdú é freisin i gcomparáid le 2019 nuair a bhí 21 % de na suíocháin acu.

Mná

Thit rannpháirtíocht na mban mar vótálaithe i dtoghcháin Eorpacha 2024 beagán i gcomparáid leis na toghcháin in 2019 (pointe céatadán amháin). Cé go bhfuil méadú faoi dhó tagtha ar ionadaíocht na mban i bParlaimint na hEorpa ó bhí na chéad toghcháin dhíreacha ann in 1979, in 2024 tháinig laghdú 0,9 pointe céatadán ar sciar na mban, i gcomparáid le toghcháin 2019⁴⁶. Is í seo an chéad uair a tháinig laghdú ar ionadaíocht na mban i bParlaimint na hEorpa. Ní mná iad ach 38,5 % de na Feisirí ar fad. Ina theannta sin, tá difríochtaí móra fós ann idir na Ballstáit maidir le Feisirí tofa ar mná iad⁴⁷.

Léirigh freagraí ar shuirbhé an Choimisiúin ó na Ballstáit agus ó pháirtithe polaitiúla freisin go raibh éagsúlachtaí móra sna hiarrachtaí chun comhionannas inscne a chur chun cinn i stiúradh toghcháin 2024 ar fud na mBallstát. Faoi láthair, tá cuótaí leagtha síos ag 11 Bhallstát ina reachtaíocht náisiúnta agus téann cuid acu níos faide trí mhná agus fir a mhalartú ar liostaí iarrthóirí ('zipiostaí')⁴⁸.

Le cleachtais na mBallstát a chuireann rannpháirtíocht na mban chun cinn, áiríodh imeachtaí sonracha agus díospóireachtaí polaitiúla ar an ábhar a eagrú, cistiú poiblí a nascadh le cur chun cinn rannpháirtíocht pholaitiúil na mban, agus feachtais ardaithe feasachta. Thuairiscigh páirtithe polaitiúla go ndearna siad bearta éagsúla chun tacú le comhionannas inscne, amhail cothromaíocht inscne a spreagadh ar liostaí toghcháin agus i gcomhlachtaí rialaithe. An tráth céanna, tá éagsúlacht mhór sna sásraí bailithe sonraí, faireacháin agus meastóireachta ar fud na mBallstát.

An tráth céanna, chuir Coiste Comhairleach an Choimisiúin um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir ábhair imní in iúl maidir leis na dúshláin shonracha a bhí roimh mhná, amhail dáileadh éagothrom spás na meán teilifíse idir iarrthóirí fir agus mná i mBallstáit shonracha.

Sa tréimhse roimh na toghcháin, tugadh faoi deara go bhfuil méadú tagtha ar bhréagaisnéis inscnebhunaithe ar líne faoi cheannairí agus iarrthóirí mná an Aontais. Is féidir le dúshláin den sórt sin iallach a chur ar mhná imeacht ón réimse polaitiúil ar fad, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an daonlathas agus ar rannpháirtíocht na mban sa réimse polaitiúil⁴⁹ (tá tuilleadh faisnéise faoi fhoréigean in aghaidh iarrthóirí le fáil i Roinn 4,7).

⁴⁴ Eorabharaiméadar, [Suirbhé don Óige 2024](#), Feabhra 2025.

⁴⁵ Eorabharaiméadar, [suirbhé iarthoghcháin an Aontais 2024](#), Deireadh Fómhair 2024.

⁴⁶ Tar éis toghcháin 2019, ba mhná iad 39,4 % d'fheisirí de Pharlaimint na hEorpa. Comhfhreagraíonn an figiúr sin do chothromaíocht inscne na bhFeisirí tar éis athdháileadh na suíochán tar éis Brexit (2020).

⁴⁷ Maidir le sciar na bhFeisirí tofa ar mná iad, tá 62 % acu sa tSualainn agus 0 % acu sa Chipir, agus is é 39 % meán an Aontais.

⁴⁸ An Bheilg, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Lucsamburg, an Pholainn agus an tSlóivéin.

⁴⁹ An tInnéacs Domhanda maidir leis an mBréagaisnéis, [Bréagaisnéis Inscne i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa](#), 10 Meitheamh 2024.

Daoine faoi mhíchumas

Tá níos mó ná 100 milliún duine san Aontas atá faoi chineál éigin míchumais⁵⁰. Tugadh faoi deara roinnt feabhsuithe ar a rannpháirtíocht i dtoghcháin an Aontais.

Mar obair leantach ar Straitéis 2021-2030 an Choimisiúin maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas⁵¹ agus ar Mholadh 2023 maidir le toghcháin, rinneadh raon leathan beart chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin a chothú. Tá sé sin níos tábhachtaí fós toisc gur féidir le timpeallacht vótála inrochtana feabhas a chur ar eispéireas vótála gach duine, rud a rachaidh chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine ar deireadh.

Rinne formhór na mBallstát bearta sonracha chun tacú le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin⁵². Áirítear orthu sin uirlisí sonracha a chur ar fáil do vótálaithe amhail formhéadaitheoirí, asphriontaí móra den bhallóid nó de na liostaí iarrthóirí, marcálacha tadhla, faisnéis fuaime nó ballóidí ina bhfuil faisnéis i bhformáid Braille. Chuir na Ballstáit faisnéis inrochtana toghcháin nó oiliúint shonrach ar fáil freisin do bhaill foirne vótála maidir le hinrochtaineacht toghcháin. Tacaíodh leis na hiarrachtaí sin, i measc nithe eile, trí phlé tiomnaithe agus dlúthchomhar leis an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin⁵³, agus ag Imeacht Ardleibhéil mhí Dheireadh Fómhair 2023 maidir le toghcháin⁵⁴. D'fhoilsigh an Coimisiún an Treoir maidir le dea-chleachtais thoghchánacha sna Ballstáit an 6 Nollaig 2023 lena dtugtar aghaidh ar rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas⁵⁵. Luaigh 20 de na 25 Bhallstát a d'fhreagair suirbhé an Choimisiúin go sainráite gur bhain siad úsáid as an treoir sin. Leag suíomh gréasáin EE24 béim freisin ar inrochtaineacht.

Thuairiscigh breathnóirí toghcháin gur tháinig feabhas ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas in 2024, a bhuí le bearta vótála malartacha, inrochtaineacht stáisiúin vótála níos fearr agus inléiteacht ballóidí, mar shampla⁵⁶. Thug siad dá n-aire, áfach, go bhfuil sé fós éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Tá bacainní áirithe fós ar rannpháirtíocht pholaitiúil do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear mar gheall ar ghanntanas inrochtaineachta nó easpa inrochtaineachta⁵⁷. Ina theannta sin, tá daoine faoi mhíchumas fós faoi ghannionadaíocht mar FPEnna⁵⁸.

⁵⁰ Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Míchumas san Aontas Eorpach: fíricí agus figiúirí](#), a tugadh cothrom le dáta go deireanach an 18 Feabhra 2025.

⁵¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030](#), COM(2021) 101 final, 3 Márta 2021.

⁵² Cuirtear réimse leathan dea-chleachtas náisiúnta i dtábhacht sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁵³ Cruinnithe an 16 Eanáir, an 29 Márta agus an 27 Meán Fómhair 2023.

⁵⁴ An Coimisiún Eorpach, [Imeacht ardleibhéil maidir le Toghcháin](#), 23 Deireadh Fómhair 2023.

⁵⁵ An Coimisiún Eorpach, [Treoir maidir le dea-chleachtais thoghchánacha sna Ballstáit lena dtugtar aghaidh ar rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas sa phróiseas toghcháin](#), 6 Nollaig 2023.

⁵⁶ Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁵⁷ Sa Mholadh maidir le toghcháin, iarradh ar na Ballstáit tacú le rannpháirtíocht thoghchánach daoine faoi mhíchumas, bíodh sin mar vótálaithe nó iarrthóirí araon, agus iarradh orthu na bacainní a bhíonn rompu agus iad ag glacadh páirt i dtoghcháin a chosc agus deireadh a chur leo, lena n-áirítear cásanna ina gcuirtear deireadh iomlán le cearta toghchánacha daoine faoi mhíchumas intleachta agus síceasóisialta gan measúnú aonair a dhéanamh ná gan an fhéidearthacht le haghaidh athbhreithniú breithiúnach.

⁵⁸ Cé nach bhfuil figiúirí oifigiúla ar fáil, meastar go bhfuil triúr Feisirí faoi mhíchumas sa Pharlaimint nua i gcomparáid le seachtar sa Pharlaimint roimhe sin, mar a léirigh Leas-Chathaoirleach an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta Katrin Langensiepen.

Saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais

Tá sé de cheart ag saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais (saoránaigh den Aontas a bhog go Ballstát eile chun obair, cónaí nó staidéar a dhéanamh) vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin, i gcomhréir le dlí an Aontais⁵⁹.

Rinne na Ballstáit bearta iomadúla chun cearta toghchánacha saoránach shoghluaiste de chuid an Aontais a chur chun cinn (atá cothrom le 14 mhilliún duine⁶⁰), lena n-áirítear feachtais faisnéise spriocdhírthe⁶¹ ina n-úsáidtear teangacha éagsúla, agus i gcásanna áirithe bileoga sonracha nó tacaíochtaí digiteacha a fhorbairt, nó dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí speisialaithe. Bhí saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais ina spriocphobal sonrach de na feachtais chumarsáide idirinstiúideacha ar leibhéal an Aontais.

Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí sin, is cosúil go bhfuil líon na vótálaithe i measc saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais fós níos ísle ná líon na náisiúnach, cé go bhfuil éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir le hinfhaighteacht sonraí ábhartha. Léiríonn sonraí a fuarthas ó na Ballstáit go bhfuil clárú saoránach shoghluaiste de chuid Aontais fós íseal ar fud an Aontais ó 0,28 % de na clárúcháin sa Laitvia go 22,03 % sa Fhrainc. Tá comharthaí dearfacha ann freisin, áfach. Mar shampla, i Lucsamburg, d'ainneoin nach raibh ach thart ar 17,82 % de shaoránaigh shoghluaiste de chuid Aontais a chláraíonn chun vóta a chaitheamh sna toghcháin le haghaidh 2024, is é sin an líon is airde a taifeadadh riamh i Lucsamburg. Tá méadú leanúnach tagtha ar an bhfigiúr sin ó bhí 1994 ann, nuair nach raibh ann ach 7,4 %. Ní bhailíonn formhór na mBallstát sonraí maidir leis an líon saoránach shoghluaiste de chuid Aontais a chláraigh chun vóta a chaitheamh. I gcás ina bhfuil sonraí ar fáil, tá líon na vótálaithe ar saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais iad idir aon trian agus dhá thrían díobh siúd a chláraigh.

Ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil, d'fheidhmigh 135 shaoránach shoghluaiste de chuid an Aontais a gceart chun seasamh mar iarrthóir sna toghcháin. Tá sé sin comhsheasmhach, a bheag nó a mhór, leis na figiúirí ina raibh 168 n-iarrthóir in 2019 agus 170 iarrthóir in 2014 ós rud é go leanann saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais de bheith ag seasamh do thart ar 1 % de líon iomlán na n-iarrthóirí a bhí sna toghcháin⁶². Toghadh beirt FPEanna den sórt sin⁶³.

⁵⁹ Tugtar éifeacht don cheart sin, a chumhdaítear in Airteagal 22(2) CFAE agus in Airteagal 39(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, i dTreoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú cheart shaoránaigh an Aontais chun vóta a chaitheamh agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh de iad, IO L 329, 30.12.1993, lgh. 34–38. Féadfaidh saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais vótáil ar liostaí a dtíortha tionscnaimh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme (e.g. vóta poist, vótáil ag poist chonsalacha etc.).

⁶⁰ Bhí 13 974 500 saoránach shoghluaiste de chuid an Aontais ann an 1 Eanáir 2024. [Éagsúlacht dhaonra an Aontais de réir saoránachta agus de réir tíre breithe — Míniú ar Staidreamh](#).

⁶¹ Reáchtáil 20 Ballstát (an Bhulgáir, an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSualainn) feachtais faisnéise spriocdhírthe chun feachtas ar chearta agus oibleagáidí toghcháin a mhéadú i measc shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais.

⁶² Athrú suntasach i gcomparáid le 2019 is ea an laghdú ar an líon Ballstát ina raibh saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais ina n-iarrthóirí, ag laghdú ó 21 Bhallstát in 2019 go 15 Bhallstát in 2024.

⁶³ Is cosúil go bhfuil sé sin comhsheasmhach i gcomparáid le 2019, nuair a toghadh triúr Feisirí sa Fhrainc agus beirt Fheisirí sa Ríocht Aontaithe.

Grúpaí eile

Thuiriscigh Ballstáit áirithe faoi bhearta a rinne siad chun cuimsiú toghchánach agus ionadaíocht grúpaí sonracha eile a chothú⁶⁴. Tá tuairisc tugtha ag roinnt eagraíochtaí sochaí sibhialta ar na dúshláin atá roimh na grúpaí sin, lena n-áirítear ar bhonn cúlra déimeagrafach nó suíomh geografach, amhail daoine a bhfuil cúlra ciníoch nó eitneach mionlaigh acu⁶⁵. Mar shampla, cé nach bhfuil aon sonraí oifigiúla ann, tuairiscíonn eagraíochtaí sochaí sibhialta nár toghadh aon cheann den ochtar iarrthóirí Romacha aitheanta (an mionlach eitneach is mó san Eoraip) i dtoghcháin 2024⁶⁶.

2.4. Príomhthorthaí agus bearta leantacha

Léiríonn líon na vótálaithe foriomlána agus na treochtaí foriomlána a tugadh faoi deara i gcás grúpaí sonracha éagsúla a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí chun rannpháirtíocht ard a chur chun cinn. Ba cheart iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun na saoránaigh uile a rannpháirtiú i ndaonlathas na hEorpa, agus chun rannpháirtíocht dhaonlathach a spreagadh, lena n-áirítear trí thacú le feachtais éifeachtacha faisnéise, trí thionscnaimh na sochaí sibhialta a ghíaráil agus trí nósanna imeachta a shimpliú. Ba cheart do na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear údarais náisiúnta, páirtithe polaitiúla, institiúidí an Aontais agus gníomhaithe eile, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta, rannchuidiú leis na cuspoirí sin a bhaint amach.

Ba cheart bearta a dhéanamh chun a áirithiú go léireofar i **líon na vótálaithe níos airde** an spéis mhór agus mhéadaithe i dtoghcháin, agus ós rud é go gcreideann formhór na saoránach go bhfuil tábhacht lena nguth san Aontas⁶⁷. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí substaintiúla i líon na vótálaithe idir na Ballstáit (idir 89,01 % agus 21,35 %), agus iarrachtaí á ndíriú ar thíortha ina bhfuil líon na vótálaithe íseal i gcónaí.

A mhéid a bhaineann le **cumarsáid chun tacú le cearta toghchánacha**, ba cheart do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí. Beidh ardleibhéal comhair idir institiúidí, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile ríthábhachtach i gcónaí chun feachtais éifeachtacha faisnéise a chur chun cinn, chun dea-chleachtais a chur chun cinn, agus chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus tuiscint na saoránach ar an bpróiseas toghcháin.

A mhéid a bhaineann le **rannpháirtíocht grúpaí sonracha**, ba cheart do na Ballstáit agus do pháirtithe polaitiúla obair leantach bhreise a dhéanamh ar bhearta ábhartha Mholadh 2023 maidir le toghcháin.

I gcás **daoine óga** go háirithe, ba cheart an tacaíocht chun a gcearta toghchánacha a fheidhmiú, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí araon, a threisiú. Ba cheart oideachas, litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn chun daoine óga a chumhachtú a thuilleadh agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ndaonlathas na hEorpa agus muinín a bheith acu go n-áiríteofar go gcloisfear a nguth nuair a fheidhmeofar a gcearta toghchánacha. Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna⁶⁸ agus sa Straitéis um Aontas na

⁶⁴Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁶⁵ Léirítear i bPlean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025 go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún oibriú le páirtithe polaitiúla Eorpacha, leis an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin agus leis an tsochaí sibhialta chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht grúpaí atá soghabhálach i leith imeallaithe, amhail daoine a bhfuil cúlra ciníoch nó eitneach acu. Tugtar le fios freisin i Moladh 2023 maidir le toghcháin ‘gur gá tacú le rannpháirtíocht gach grúpa saoránach i dtoghcháin, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí, agus a riachtanais shonracha agus na dúshláin atá rompu á gcur san áireamh’. Féach tuilleadh sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁶⁶ Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁶⁷ Mar a léirítear in Eorabharaiméadar Earrach 2024 ó Pharlaimint na hEorpa.

⁶⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún [Aontas na Scileanna](#), COM(2025)90 final, 5 Márta 2025.

hUllmhachta⁶⁹, tá sé ríthábhachtach scileanna a fhorbairt don saol chun athléimneacht dhaonlathach a áirithiú. Ar bhonn an athbhreithnithe ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, tiolacfaidh an Coimisiún Treochlár 2030 maidir leis an oideachas digiteach agus scileanna amach anseo chun rochtain chomhionann ar an oideachas digiteach a chur chun cinn do chách⁷⁰.

Tá roghanna vótála inrochtana agus éagsúla tábhachtach freisin chun tacú leis an líon daoine óga a chaitheann vóta. D'fhéadfadh na Ballstáit, páirtithe polaitiúla agus eintitis eile, lena n-áirítear scoileanna, ollscoileanna, comhlachais óige agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, beartais agus nósanna imeachta atá fabhrach don óige a chur chun cinn a thuilleadh, agus oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d'iarrthóirí óga.

Ba cheart an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar rannpháirtíocht dhaonlathach na saoránach óg. Cruthófar tosaíocht nua ullmhachta faoi chlár óige an Aontais, amhail an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Erasmus+, chun ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht saoránach a chur chun cinn.

Mar a fógraíodh i dTreoirínte Polaitiúla Uachtarán an Choimisiúin le haghaidh 2024-2029⁷¹, bunófar Bord na nÓg um Chomhairliú Uachtarán. Tá an chéad eagrán den Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg eagraithe cheana féin ag na Coimisinéirí uile laistigh den chéad 100 lá dá sainordú. Mar shampla, chas an Coimisinéir um an Daonlathas, um Cheartas, um an Smacht Reachta agus um Chosaint Tomhaltóirí, an Coimisinéir McGrath, le daoine óga cheana féin chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar rannpháirtíocht dhaonlathach daoine óga, lena n-áirítear i dtoghcháin⁷².

A mhéid a bhaineann le **mná**, ní mór níos mó a dhéanamh chun comhionannas inscne a bhaint amach sa pholaitíocht, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ní mór tuilleadh cumhachta a thabhairt do mhná chun páirt a ghlacadh sa saol polaitiúil. Tá rannpháirtíocht iomlán na mban i ngach gné den phróiseas polaitiúil ríthábhachtach chun daonlathais láidre, ionadaíocha agus athléimneacha a thógáil. Ní mór cosaint níos fearr a thabhairt do mhná ar bhagairtí (lena n-áirítear bagairtí ar líne) a dhíríonn orthu, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur lena rannpháirtíocht mar iarrthóirí. Tá ról lárnach ag páirtithe polaitiúla maidir leis an gcuspóir sin a bhaint amach agus ba cheart dóibh a n-iarrachtaí a mhéadú. Ar bhonn níos ginearálta, ba cheart bearta tacaíochta breise ar an leibhéal náisiúnta a phleanáil. Ar leibhéal an Aontais, chuir an Coimisiún Treochlár um Chearta na mBan⁷³ i láthair le déanaí a chuideoidh leis an obair ar Straitéis nua um Chomhionannas Inscne a leagan amach, lena nuashonraítear gníomhaíocht maidir le gach saincheist a dhéanann difear do mhná, lena n-áirítear a rannpháirtíocht sa pholaitíocht. Ba cheart cur leis an tacaíocht chun feabhas a chur ar shábháilteacht na n-iarrthóirí agus na n-ionadaithe tofa (féach Ranna 4,7 agus 4,8).

Tá sé tábhachtach freisin iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun feidhmiú na **gceart toghchánach ag saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais** a éascú, lena n-áirítear an gá atá ann do na Ballstáit feachtais faisnéise níos spriocdhírithe a dhéanamh i dteangacha éagsúla agus próisis chlárúcháin shimplithe a áirithiú. Tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le cearta vótála saoránach soghluaiste de chuid an Aontais (atá á phlé faoi láthair ar an leibhéal

⁶⁹ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún [maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta](#), JOIN(2025)130 final, 26 Márta 2025.

⁷⁰ Le tionscnamh maidir leis an intleacht shaorga san oideachas agus san oiliúint, leagfar síos freisin creat litearthachta intleachta saorga agus tacófar le comhtháthú na hintleachta saorga i soláthar oideachais agus oiliúna. Beidh rochtain ag múinteoirí ar acmhainní agus ar dheiseanna forbartha gairmiúla ar an Ardán Eorpach um Oideachas Scoile.

⁷¹ Ursula von der Leyen, [Treoirínte Polaitiúla le haghaidh an Choimisiúin nua, 2024-2029](#), 18 Iúil 2024.

⁷² [Idirphlé Beartais leis an Aos Óg](#) leis an gCoimisinéir Michael McGrath maidir le cumhachtú daonlathach, 10 Márta 2025.

⁷³ An Coimisiún Eorpach, [Treochlár an Aontais um Chearta na mBan](#), 7 Márta 2025.

idirinstitiúideach, féach Roinn 5,1) chun creat níos láidre a chur ar fáil chun tacú le feidhmiú chearta toghchánacha na saoránach sin.

Ar deireadh, ba cheart do na gníomhaithe uile leanúint de bhearta gníomhacha a dhéanamh chun freastal ar riachtanais shonracha **grúpaí áirithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas**. Tá tuarascáil ar dhul chun cinn á hullmhú ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas do 2021-2030, lena n-áirítear maidir leis na bearnaí agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith fós ann do dhaoine faoi mhíchumas agus, má mheastar gur gá, molfaidh sé gníomhaíochtaí nua. Leanfaidh an Coimisiún freisin, i measc nithe eile, de bheith ag obair ar chur chun feidhme iomlán Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

3. COMHAR CHUN TACÚ LE SAORTHOGHCHÁIN CHÓRA ATHLÉIMNEACHA

3.1. Ról an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin agus iarrachtaí comhair eile

Chun tacú le saorthoghcháin chóra athléimneacha, tá gá le cur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais.

Tharla comhar nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo chun tacú le hathléimneacht thoghcháin 2024. Déantar plé níos mionsonraithe i Roinn 4,1 ar na bearta sonracha a glacadh chun freagairtí ar FIMI agus ar bhréagaisnéis a chomhordú, ach freisin maidir le cibirionsaithe, úsáid mhailíseach na hintleachta saorga agus bagairtí eile.

Thacaigh an Coimisiún go gníomhach le húdarais na mBallstát trí chruinnithe rialta den Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin a eagrú ó thús 2019. Is éard atá in LCET pointí teagmhála náisiúnta arna gceapadh ag na Ballstáit chun ionadaíocht a dhéanamh ar a líonraí náisiúnta maidir le toghcháin agus chun feidhmiú mar phointe idirchaidrimh idir an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach comhordúcháin. Tá níos mó ná 25 chruinniú eagraithe ag an Líonra ó bhí 2019 ann.

I Moladh 2023 maidir le toghcháin, iarrtar ar na Ballstáit an comhar maidir le hábhair a bhaineann le toghcháin a neartú faoi chuimsiú an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin. Tagraítear sa Mholadh freisin do chomhar an Líonra sin le líonraí Eorpacha ábhartha eile.

Tionóladh pléití LCET i ndlúthchomhar le struchtúir eile amhail an Córas Mear-Rabhaidh⁷⁴, i ndáil le FIMI, agus Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc i ndáil leis na saincheisteanna a thagann faoina shainchúram⁷⁵. Ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí páirt freisin i roinnt cruinnithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí sa chomhthéacs toghchánach.

Cothaíodh idirghníomhaíochtaí freisin le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail Comhairle na hEorpa agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

Sa tréimhse roimh thoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, cuireadh dlús le hobair an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin. I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'eagraigh an Coimisiún Imeacht Ardleibhéil maidir le Toghcháin ina raibh ballraíocht sa Líonra. I mí na Samhna 2023, ghlac an Líonra páirt i gcleachtadh comhpháirteach boird maidir le cibearshlándáil toghchán (féach Roinn 4.5).

⁷⁴ Bunaíodh an Córas Mear-Rabhaidh i measc institiúidí an Aontais agus na mBallstát chun comhroinnt léargais a bhaineann le feachtais bhréagaisnéise a éascú agus chun freagairtí a chomhordú. Is éard atá ann ardán digiteach tiomnaithe agus líonra de 28 bpointe teagmhála náisiúnta.

⁷⁵ Bunaíodh Bord Eorpach nua neamhspleách um Sheirbhísí Meán, ar a bhfuil ionadaithe ó údarais nó comhlachtaí náisiúnta na meán agus le cúnamh ó rúnaíocht de chuid an Choimisiúin, agus chuaigh sé i mbun oibre i mí Feabhra 2025. Tagann an Bord in ionad Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc a bunaíodh faoin Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc.

Chomh maith le cruinnithe rialta, eagraíodh ocht seisiún théamacha roimh na toghcháin faoi chuimsiú an Líonra, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht agus cumarsáid chuimsitheach, cur in aghaidh na bréagaisnéise agus cibearshlándáil a áirithiú, eagrú rianúil vótála do ghrúpaí éagsúla vótálaithe, agus sábháilteacht iarrthóirí⁷⁶.

Éascaíodh comhar idir údaráis na mBallstát, i measc nithe eile, trí spás comhoibríoch, mapáil ar ról agus freagrachtaí líonraí agus comhlachtaí éagsúla an Aontais a thacaíonn le saorthoghcháin chóra agus athléimneacha do Pharlaimint na hEorpa a eagrú agus liostaí teagmhála chun tacú le malartuithe oibríochtúla le linn toghchán.

3.2. Príomhthorthaí agus bearta leantacha

Ní féidir le haon pháirtí leasmhar amháin toghcháin chuimsitheacha athléimneacha a bhaint amach agus é ag gníomhú ina aonar. Cé go n-eagraítear toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta, tá líon méadaitheach tagairtí coiteanna an Aontais maidir le saorthoghcháin chóra athléimneacha, bunaithe ar Chonarthaí an Aontais, ar dhlí an Aontais, ar dhlí bog, ar dhea-chleachtais agus ar chreataí comhair ag teacht chun cinn de réir a chéile. Tugann na tagairtí coiteanna sin aghaidh ar an réimse digiteach agus ar rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach. Ina theannta sin, téann siad níos faide ná sin, agus tacaíonn siad leis an ullmhacht.

Tá tacaíocht fhrithpháirteach agus comhar treisithe i measc na mBallstát seanbhunaithe anois, agus iad dírithe ar struchtúir shonracha chomhair amhail an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin a ghníomhaíonn mar phointe fócasach, agus leas á bhaint as struchtúir an Aontais chun slándáil faisnéise a chur chun cinn agus chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus le hionramháil faisnéise, ag comhoibriú le hinstiúidí agus eintitis eile lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa.

Is é an toradh a bhí air sin gur tugadh aghaidh ar dhúshlán ar bhealach níos tapa agus níos comhordaithe, rud a chuireann le hathléimneacht chomhchoiteann na dtoghchán san Aontas. Is féidir le comhar feabhsaithe do thoghcháin an Aontais éifeacht seach-iarmharta dhearfach a bheith aige ar thoghcháin náisiúnta freisin.

Chun dul i ngleic go héifeachtach le líon méadaitheach dúshlán atá ag teacht chun cinn, is gá cur leis an gcomhar sin agus é a neartú a thuilleadh. Leanfaidh an Coimisiún de chur chuige coiteann a chothú chun tacú le saorthoghcháin chóra athléimneacha, ag aistriú de réir a chéile i dtreo ullmhacht fheabhsaithe, comhar oibríochtúil agus fothú acmhainneachta.

4. SLÁINE AGUS ATHLÉIMNEACHT AN PHRÓISIS TOGHCHÁIN A CHOSAINT

4.1. Ullmhacht, faireachán agus freagairt

Le linn na tréimhse roimh thoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, sheol an Coimisiún agus instiúidí eile de chuid an Aontais roinnt príomhghníomhaíochtaí chun ullmhacht agus cumas an Aontais freagairt do dhúshlán agus do shláine an phróisis toghcháin a neartú, i ndlúthchomhar agus i gcomhordú leis na Ballstáit agus le heintitis éagsúla, amhail na meáin, seiceálaithe fíricí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. Chuir an iarracht sin ar a gcumas dóibh siúd lena mbaineann léargais a roinnt, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú agus freagairtí ar FIMI agus ar bhréagaisnéis a chomhordú, chomh maith le cibirionsaithe, úsáid mhíchuí na hintleachta saorga agus bagairtí eile.

Áirítear i Moladh 2023 maidir le toghcháin moltaí éagsúla maidir le sláine agus athléimneacht an phróisis toghcháin a chosaint. Mar shampla, molann sé do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an timpeallacht faisnéise maidir le toghcháin a chosaint agus chun a áirithiú go bhfaighidh vótálaithe an fhaisnéis cheart. Molann sé athléimneacht a fhorbairt agus feasacht an phobail, litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar ionramháil ar fhaisnéis, ar

⁷⁶ Tá forléargas mionsonraithe ar na cruinnithe a tionóladh sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

chur isteach agus ar bhréagaisnéis a bhaineann le toghcháin. Iarrann sé freisin ar na Ballstáit oiliúint a fhorbairt do na húdaráis ábhartha agus comhar a éascú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha chun dul i ngleic leis na rioscaí ionramhála ar fhaisnéis. Molann sé freisin do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta machnamh a dhéanamh ar a bhfógraíocht pholaitiúil a chur ar fáil le faisnéis faoi chéannacht an pháirtí pholaitiúil a urraíonn í agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis fhiúntach faoi spriocdhíríú na fógraíochta agus faoi úsáid na gcóras intleachta saorga. Leis an Moladh, moltar do na Ballstáit freisin roinnt beart a dhéanamh chun an bonneagar a bhaineann le toghcháin a chosaint agus chun athléimneacht a áirithiú in aghaidh cibearbhagairtí agus bagairtí hibrídeacha eile.

An 24 Aibreán 2024, ghníomhachtaigh Uachtaránacht na Beilge ar an Aontas na socrúithe **Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna** (IPCR) sa mhodh comhroinnte faisnéise i ndáil le cur isteach eachtrach i dtoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa⁷⁷. Faoi chomhordú an Choimisiúin, d'éascaigh sé sin malartú faisnéise idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais. Rinneadh faireachán agus freagairt a áirithiú freisin trí Líonra an Choimisiúin in aghaidh na Bréagaisnéise.

Thug Leas-Uachtarán an Choimisiúin atá freagrach as luachanna agus trédhearcacht cuairt ar roinnt Ballstát chun tacú le hullmhacht do thoghcháin 2024 mar chuid de Thuras Daonlathais⁷⁸.

Lean na Ballstáit de theacht le chéile faoi chuimsiú an **Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin** chun réitigh phraiticiúla ar raon leathan bagairtí a phlé. Ceann de na huirlisí oibríochtúla atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún chun tacú le húdaráis na mBallstát a n-acmhainneacht a fhorbairt chun bagairtí a bhrath agus freagairt go hiomchuí dóibh i gcomhthéacs toghchán is ea an **sásra comhpháirteach athléimneachta toghcháin**⁷⁹. Tacaíonn an sásra sin le malartuithe i measc saineolaithe ó na Ballstáit, a d'úsáid roinnt Ballstát le linn na tréimhse roimh na toghcháin⁸⁰.

Chuir **Parlaimint na hEorpa** dlús freisin lena gníomhaíochtaí sa réimse sin agus neartaigh sí líonraí go himmheánach agus le hinstiúidí eile de chuid an Aontais, le húdaráis na mBallstát agus le comhpháirtithe seachtracha araon. Mar shampla, i mí na Nollag 2023, d'óstáil Parlaimint na hEorpa cruinniú den Chóras Mear-Rabhaidh a bhí dírithe ar thoghcháin, leis an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin agus le Meitheal Chothrománach na Comhairle um an Athléimneacht a Fheabhsú agus um Bagairtí Hibrídeacha a Chomhrac. Bhí roinn ar shuíomh gréasáin EE24 a bhí dírithe ar an tsláine, ina raibh leideanna praiticiúla.

I gcomhthéacs chur chun feidhme an **Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha** (GSD), rinneadh gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le hullmhacht do thoghcháin⁸¹. I ndáil leis an méid sin, d'eisigh an Coimisiún treoirlínte maidir leis na bearta maolaithe riosca a mholtar ba cheart do sholáthraithe ardáin an-mhór ar líne (VLOPanna) agus innill chuardaigh an-mhór ar líne (VLOSEnna) a dhéanamh chun rioscaí sistéamacha a bhaineann le toghcháin a mhaolú⁸². Mar obair leantach ar na treoirlínte sin, d'eagraigh an Coimisiún tástáil struis i bhfoirm cleachtadh boird chun soláthraithe VLOPanna agus VLOSEnna, eagraíochtaí sochaí sibhialta, Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha (CSDanna) ó na

⁷⁷Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Cur isteach eachtrach: An malartú faisnéise treisithe ag an Uachtaránacht roimh thoghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh 2024](#), 24 Aibreán 2024.

⁷⁸Tar éis na dtoghchán, chuir an Leas-Uachtarán [measúnú tosaigh](#) i láthair ar oibríochtaí maidir le cur isteach aitheanta le linn thoghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa a cuireadh faoi bhráid an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin.

⁷⁹An Coimisiún Eorpach, [an líonra comhair Eorpach um thoghcháin](#), arna rochtain go deireanach an 18 Feabhra 2025.

⁸⁰Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre chun tuilleadh sonraí a fháil.

⁸¹D'ullmhaigh an Bord Eorpach de Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha tuarascáil atá tiomnaithe do thoghcháin 2024 ina liostaítear an ghníomhaíocht a rinneadh faoi chuimsiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) agus an Chóid Cleachtais agus EDMO. [Foilsíonn an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha tuarascáil iarthoghcháin maidir le toghcháin an Aontais](#), 29 Iúil 2024.

⁸²An Coimisiún Eorpach, [Treoirlínte do sholáthraithe VLOPanna agus VLOSEnna maidir le rioscaí sistéamacha do phróisis toghcháin a mhaolú](#), 26 Aibreán 2024.

Ballstáit, agus páirtithe leasmhara eile a ullmhú le haghaidh cásanna ionramhála ar fhaisnéis, agus freagairtí comhordaithe a fheidhmiú faoi chuimsiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha.

Tráth na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, bhí imeachtaí tionscanta ag an gCoimisiún freisin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha in aghaidh Meta agus X maidir le hábhair a bhaineann le hionramháil ardán, iompar neamhbharántúil comhordaithe agus fógraí meabhlacha a úsáidtear chun feachtais bhréagaisnéise a scaipeadh⁸³. Sheol an Coimisiún roinnt Iarrataí ar Fhaisnéis (RFInna) chuig soláthraithe ainmnithe VLOPanna agus VLOSEanna faoi bhearta maolaithe riosca toghcháin agus bréagaisnéis⁸⁴.

Le linn an chéad chruinnithe den **Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha** an 19 Feabhra 2024, bunaíodh ‘Meitheal *Ad Hoc* um Thoghcháin’, arb é is aidhm di saineolas a bhailiú ó Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus ó údaráis inniúla maidir le saincheisteanna toghcháin ar an leibhéal náisiúnta a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, agus dul i mbun idirphlé agus foghlaim faoi dhúshláin thírshonracha agus chomhthéacs-shonracha⁸⁵.

An **Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis**, an chéad chreat domhanda faoi stiúir an tionscail sa réimse digiteach agus foinse dea-chleachtas tionscail chun leathadh na bréagaisnéise ar líne a theorannú, bhí ról lárnach aige freisin maidir le tacú le hullmhacht do na toghcháin. Faoin gCód, thug sínitheoirí na n-ardán ar líne (Meta, TikTok, Google agus Microsoft) sraith gealltanais chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis, lena n-áirítear i gcomhthéacs toghchán. Tá sraith gníomhaíochtaí curtha chun feidhme ag sínitheoirí chun ullmhacht a áirithiú le linn na tréimhse toghcháin, lena n-áirítear comhar feabhsaithe le sínitheoirí eile na sochaí sibhialta agus seiceálaithe firicí.

Anuas ar ghealltanais an Chóid, chuir na sínitheoirí **Córas Mearfhreagartha**⁸⁶ chun feidhme freisin, lenar cuireadh ar chumas sínitheoirí neamhardáin ábhar, cuntais nó treochtaí atá íogair ó thaobh ama de a thuairisciú go tapa a mheas siad a bheith ina mbagairtí ar shláine an phróisis toghcháin agus iad a phlé leis na hardáin i bhfianaise a mbeartas faoi seach.

Bhunaigh an **Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha** (‘EDMO’), ar líonra neamhspleách seiceálaithe firicí, taighdeoirí agus cleachtóirí litearthachta sna meáin í a chumhdaíonn Ballstáit uile an Aontais, Tascfhórsa atá tiomnaithe do thoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa chun faireachán a dhéanamh ar an spás faisnéise Eorpach le linn na tréimhse toghcháin⁸⁷. Bhí ról tábhachtach ag an Tascfhórsa maidir le bréagaisnéis a nochtadh le linn na dtoghchán. D’eisigh EDMO mionteagaisc laethúla, léargais sheachtainiúla, luathrabhaidh agus imscrúduithe spriocdhírith le linn na tréimhse toghcháin. Reáchtáil sí feachtas tiomnaithe uile-Aontais um litearthacht sna meáin freisin #BeElectionsSmart, chun feachtas a mhúscailt maidir leis na rioscaí bréagaisnéise a bhaineann le toghcháin 2024.

Cé go mbeidh éifeacht ag formhór fhorálacha an **Rialacháin nua maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla**⁸⁸ ón 10 Deireadh Fómhair 2025, laistigh de raon feidhme chur

⁸³ An Coimisiún Eorpach, Vera Jourova Memo, [Oibríochtaí maidir le cur isteach ar fhaisnéis aitheanta le linn toghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa](#), Deireadh Fómhair 2024.

⁸⁴ [Maoirseacht ar na hardáin agus na hinnill chuardaigh an-mhór ar líne ainmnithe faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.](#)

⁸⁵ Tá an Meitheal *Ad Hoc* comhtháite ó shin i gceann de mheithleacha buana an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha, Meitheal 4 — Sláine an spáis faisnéise. Féach [Meitheal 4 den Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha — Sláine an spáis faisnéise | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.](#)

⁸⁶ An Lárionad Trédhearcachta, [Cuireann Sínitheoirí an Chóid Cleachtais gealltanais an Chóid maidir le Córas Mearfhreagartha chun feidhme roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa.](#)

⁸⁷ An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO), [Tascfhórsa EDMO maidir le Toghcháin Eorpacha 2024.](#)

⁸⁸ [Rialachán \(AE\) 2024/900](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, *IO L*, 2024/900.

i bhfeidhm an Rialacháin seo, Airteagal 3 (sainmhínithe) agus Airteagal 5 (soláthar seirbhísí fógraíochta polaitiúla san Aontas), bhí mír 1 infheidhme cheana féin le linn na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear go háirithe nach mbeadh seirbhísí fógraíochta polaitiúla teoranta do ‘pháirtí polaitiúil Eorpach’ ná do ghrúpa polaitiúil i bParlaimint na hEorpa, ar bhonn a áite bunaíochta amháin.

Rinne an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) sraith gníomhaíochtaí. Thacaigh an Córas Mear-Rabhaidh, arna chomhordú ag SEGS, le comhar ar fud na mBallstát, lena n-áirítear le linn na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa. Cuireadh nuashonruithe ar fáil go tráthrialta don Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin, lena soláthraítear raon feidhme cuimsitheach le haghaidh comhair maidir le saincheistanna a bhaineann le próisis toghcháin.

Ar deireadh, in 2022 ghlac an Chomhairle an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint⁸⁹, ina bhfuil **Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais** lena dtugtar le chéile na hionstraimí ábhartha uile chun dul i ngleic le bagairtí hibrideacha ar thoghcháin, lena n-áirítear **Bosca Uirlisí FIMI**⁹⁰.

4.2. Ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis

Rinne an Coimisiún, an Pharlaimint agus SEGS dlúthfhaireachán ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus ar bhagairtí bréagaisnéise roimh na toghcháin agus lena linn agus chomhordaigh siad na freagairtí agus rinne siad idirghabháil ghníomhach chun tacú le spás toghchánach cothrom. Rinneadh nuashonruithe tapa maidir le feasacht ar dhálaí a áirithiú trí IPCR.

Cé gur tháinig méadú ar mhéid na hionramhála ar fhaisnéis maidir leis na toghcháin⁹¹, níor braitheadh aon teagmhas ná feachtas mórsála bréagaisnéise ná ionramhála ar fhaisnéis le linn laethanta toghcháin.

Ón 8 Aibreán 2024, d’eisigh Tascfhórsa EDMO mionteagaisc laethúla agus seachtainiúla inar dtugadh tuairisc ar na scéalta bréagaisnéise atá á scaipeadh san Aontas, le hionchuir a 14 mhol réigiúnacha (lena gcumhdaítear 100 % den Aontas)⁹².

Thuairiscigh soláthraithe ardán ar líne faoin gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis ar na bearta a rinneadh chun sláine na bpróiseas toghcháin a chosaint bunaithe ar ghealltanais an Chóid, agus faoi bhunachar sonraí trédhearcachta an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha⁹³ maidir leis an líon cinntí faoi mhodhnóireacht inneachair a rinneadh.

De réir mheastacháin EDMO, tháinig méadú ar bhréagaisnéis a bhaineann leis an Aontas ó 5 % i mí Eanáir go 15 % i mí na Bealtaine 2024⁹⁴. Leis na hinsintí a sainaithníodh mar insintí achrannacha, féachadh leis an muinín as eagrú na mballóidí a laghdú nó an bonn a bhaint d’inchreidteacht na dtorthaí, agus tugadh aghaidh ar ábhair a bhfuil príomhleas sóisialta ag baint leo (amhail an Úcráin, an t-athrú aeráide nó imircigh).

Thuairiscigh SEGS go tráthrialta trína shuíomh gréasáin EUvsDisinfo agus trína chuntais ar na meáin shóisialta⁹⁵ maidir le hiarrachtaí na Rúise agus a seachvótálaithe cur isteach ar thoghcháin. Foilsíodh

⁸⁹ Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Compás Straitéiseach le haghaidh slándáil agus cosaint níos láidre san Aontas sna 10 mbliana amach romhainn](#), 21 Márta 2022.

⁹⁰ SEGS, [Dul i ngleic leis an mBréagaisnéis, Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis](#), 14 Samhain 2024.

⁹¹ Mar a deimhníodh le gníomhachtú na socruithe Comhtháite maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar chur isteach eachtrach. Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Cur isteach eachtrach: An malartú faisnéise treisithe ag an Uachtaránacht roimh thoghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh 2024](#), 24 Aibreán 2024. féach freisin an Coimisiún Eorpach, Vera Jourova Memo, [Oibríochtaí maidir le cur isteach ar fhaisnéis aitheanta le linn thoghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa](#), Deireadh Fómhair 2024.

⁹² An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO), [Feasachán na dtoghchán Eorpach Disinfo](#).

⁹³ An Coimisiún Eorpach, [Bunachar Sonraí Trédhearcachta an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha](#).

⁹⁴ An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha, [Tascfhórsa EDMO maidir le toghcháin an Aontais 2024](#), 26 Iúil 2024.

⁹⁵ [EUvsDisinfo](#).

sraith thiomnaithe alt⁹⁶ agus táirgí meán sóisialta sna míonna roimh na toghcháin chun insintí meabhlacha na Creimile/na Rúise, chomh maith le hoirbhearta, teicnící agus nósanna imeachta, a anailísiú, a nochtadh agus a réamhbhréagnú. Dhírigh gníomhaíocht mhailíseach na Rúise ar scoilteanna agus deighiltí a chruthú nó a spreagadh i sochaithe trí fhaisnéis bhréagach a scaipeadh nó tríd an spás faisnéise a líonadh le hábhar neamhbharántúil. I measc na n-oirbheart eile tá ceannairí polaitiúla a chlúmhilleadh, mímhúinín a chothú agus an bonn a bhaint d'údaráis phoiblí. Chuidigh an fhor-rochtain sin le feasacht an phobail a mhúscailt, lena n-áirítear i measc iriseoirí, an tsaoil acadúil agus na sochaí sibhialta⁹⁷.

Tá dornán oibríochtaí móra a bhí nasctha leis an Rúis agus a bhí fós gníomhach le linn thréimhse na dtoghchán nochta ag SEGS sa chomhthéacs sin. Mar shampla, rinne feachtais Doppelganger pearsanú ar shuíomhanna gréasáin dlisteanacha sna meáin agus chruthaigh siad cuntais bhréagacha ar na meáin shóisialta⁹⁸. Ar an iomlán, braithheadh 42 theagmhas a bhain le gníomhaíocht FIMI na Rúise⁹⁹, ar ar tháinig géarú sna seachtainí roimh an vótáil, agus shroich FIMI an buaicphointe idir an 6 agus an 9 Meitheamh, agus lean sé ar aghaidh i bhfad ina dhiaidh sin. Ní pátrún nua a bhí sa phatrún a úsáideadh: bonneagar FIMI a chur ar bun i bhfad roimh ré, ionsaithe ar an bpróiseas daonlathach, cur isteach cibearchumasaithe, borradh ar ghníomhaíocht go díreach roimh an vótáil, agus iarrachtaí iarthoghcháin an bonn a bhaint den mhúinín as na torthaí.

Rinne na Ballstáit bearta éagsúla freisin chun an timpeallacht faisnéise a chosaint timpeall thoghcháin 2024 ar ionramháil eachtrach ar fhaisnéis, ar chur isteach eachtrach agus ar bhréagaisnéis. Mar fhreagairt ar shuirbhé an Choimisiúin, thuairiscigh 15 Bhallstát go raibh bearta déanta acu chun tacú le tarchur teachtaireachtaí agus freagraí tapa chun an timpeallacht faisnéise a chosaint nó chun an tarchur sin a éascú¹⁰⁰. Thuairiscigh 14 Bhallstát gur chuir siad tacaíocht shonrach ar fáil do na meáin neamhspleácha agus d'eagraíochtaí seiceála fíricí¹⁰¹, agus gur fhorbair 13 Bhallstát oiliúint d'údaráis toghcháin nó d'údaráis ábhartha eile¹⁰².

Chun tacú le daoine atá ag stiúradh an spáis faisnéise timpeall na dtoghcháin, leagadh béim ar leith ar bhearta atá dírithe ar athléimneacht agus ullmhacht na sochaí a fheabhsú. Áiríodh leis sin tacaíocht don litearthacht dhigiteach agus don litearthacht sna meáin agus don smaointeoireacht chriticiúil

Tionscnaimh shonracha arna ndéanamh ag institiúidí an Aontais chun feabhas a chur ar athléimneacht na sochaí

- Rinne an Coimisiún agus Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc feachtas tiomnaithe comhpháirteach ilchainéalach múscailte feasachta maidir le rioscaí a bhaineann le hionramháil ar fhaisnéis agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt agus craoladh sna Ballstáit é. Le físeán an fheachtais¹⁰³, gineadh 217 milliún amharc ar na meáin shóisialta, 7 milliún amharc ar

⁹⁶ <https://euvsdisinfo.eu/european-elections/>.

⁹⁷ Tháinig méadú an-mhaith ar an ábhar táirge, rud atá i gcomhréir leis an treocht maidir le fás méadaithe úsáideoirí ábhar EUvsDisinfo (féach gur sroicheadh ar a laghad 38 milliún úsáideoir in 2024 vs. thart ar 25 mhilliún in 2023).

⁹⁸ Chun tuilleadh sonraí a fháil féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

⁹⁹ SEGS, [an 3ú Tuarascáil ó SEGS maidir le Bagairtí i ndáil le hionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis, Ailtireacht oibríochtaí FIMI a nochtadh](#), Márta 2025.

¹⁰⁰ An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn.

¹⁰¹ An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSualainn.

¹⁰² An Bheilg, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSualainn.

¹⁰³ <https://audiovisual.ec.europa.eu/en/video/I-256994>.

YouTube agus sroicheadh 53 chainéal raidió agus teilifíse in 17 dtír ina bhfuil 330 milliún daonra san iomlán.

- Tugadh cothrom le dáta sraith straitéisí an Choimisiúin maidir le conas bréagaisnéis a aithint¹⁰⁴, rud a spreag múinteoirí meánscoile chun na scileanna riachtanacha a thabhairt dá ndaltaí chun nascleanúint a dhéanamh ar an tírdhreach ar líne. Chuir leathanach gréasáin nua¹⁰⁵ pointe rochtana aonair ar fáil don fhaisnéis agus do na hacmhainní úsáideacha uile maidir le cumarsáid straitéiseach agus ionramháil ar fhaisnéis a chomhrac.
- Sheol oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) seirbhís seiceála sonraí agus fíricí do na toghcháin Eorpacha lenar éascaíodh rochtain iriseoirí agus seiceálaithe fíricí ar shonraí agus staidreamh faoin Aontas¹⁰⁶.
- Sheol Parlaimint na hEorpa sraith físeán (in 24 cinn de theangacha oifigiúla an Aontais) ina gcuirtear faisnéis ar fáil maidir leis na teicnící a úsáideann gníomhaithe bréagaisnéise chun dallamullóg a chur ar dhaoine.
- Chuir Parlaimint na hEorpa bileog ar fáil ina bhfuil 10 leid maidir le conas dul i ngleic leis an mbréagaisnéis.
- Chuir SEGS sraith thiomnaithe alt agus léargas ar fáil maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis¹⁰⁷.

4.3. Úsáid na hintleachta saorga

Le toghcháin 2024, cuireadh béim níos mó agus níos mó ar an intleacht shaorga. D'fhéadfadh an intleacht shaorga feabhas a chur ar éifeachtúlacht, trédharcacht, cuimsitheacht agus slándáil i bpróisis toghcháin. An tráth céanna, is cúis inní í an mhí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail feachtais bhréagaisnéise, ionramháil toghcháin, agus cur isteach eachtrach, rud a dhéanann difear do chothroime an réimse dhaonlathaigh agus don mhuinín as institiúidí.

Sna seachtainí roimh an vótáil, d'fhan méid na bréagaisnéise a seiceáladh le haghaidh fíricí ina bhfuil ábhar arna ghiniúint ag an intleacht shaorga a bhraith EDMO seasmhach, ag thart ar 4 % de mhéid foriomlán na bréagaisnéise a seiceáladh le haghaidh fíricí (5 % le linn na míonna roimhe sin)¹⁰⁸.

Nocht an tsochaí sibhialta, taighdeoirí agus seiceálaithe fíricí 131 chás ar a laghad d'ábhar intleachta saorga giniúnaí neamhdhearbhaithe le linn an fheachtais toghcháin, go háirithe ó pháirtithe ar an leibhéal náisiúnta (i.e. cúig pháirtí pholaitiúla éagsúla sa Fhrainc, sa Bheilg agus san Iodáil)¹⁰⁹. Cé is moite d'eisceachtaí teoranta, ní raibh 'domhainbhrionnuithe' an-ionramhálach ann le linn toghcháin 2024. Ina ionad sin, úsáideadh an intleacht shaorga chun 'brionnuithe éadoimhne' a tháirgeadh, lena gcomhcheanglaítear fotheidil lasmuigh den chomhthéacs le híomhánna de pholaiteoirí nó d'imeachtaí, agus 'brionnuithe éadoimhne', agus ionramháil shoiléir ar fhíseán agus ar íomhánna¹¹⁰.

Baineadh úsáid as an intleacht shaorga go pointe áirithe mar uirlis le haghaidh bréagaisnéise agus FIMI, agus laistigh de dhíospóireacht pholaitiúil intíre. Cuireadh i dtábhacht sna torthaí ó eagraíochtaí sochaí sibhialta gur bhain roinnt páirtithe polaitiúla úsáid as an intleacht shaorga ghiniúnach neamhlipéadaithe

¹⁰⁴ https://learning-corner.learning.europa.eu/learning-materials/spot-and-fight-disinformation_en.

¹⁰⁵ https://commission.europa.eu/topics/strategic-communication-and-tackling-disinformation_ga.

¹⁰⁶ Eurostat, *Seolann Eurostat seirbhís sonraí agus seiceála fíricí do na toghcháin Eorpacha*, 10 Bealtaine 2024.

¹⁰⁷ An Coimisiún Eorpach, *Toghcháin Eorpacha: Institiúidí an Aontais sásta chun cur in aghaidh na bréagaisnéise*, 5 Meitheamh 2024.

¹⁰⁸ An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha (EDMO), *Tuarascáil Chríochnaitheach — Aschuir agus torthaí iarrachta ar fud an phobail*, 24 Iúil 2024.

¹⁰⁹ Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

¹¹⁰ An Coimisiún Eorpach, *Oibriochtaí maidir le cur isteach ar fhaisnéis aitheanta le linn toghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa*, Deireadh Fómhair 2024.

chun teachtaireachtaí míthreoracha a scaipeadh¹¹¹. Ina theannta sin, tuairiscíodh gur baineadh leas as uirlisí intleachta saorga in oibríochtaí tionchair eachtraigh, amhail feachtais na Rúise agus fuaim dhomhainbhrionnaithe atá dírithe ar cheannairí polaitiúla na hEorpa.

Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta maidir leis an intleacht shaorga a dhéanamh níos sábháilte agus níos iontaofa, agus aghaidh á tabhairt aige go huaillmhianach ar na rioscaí a bhaineann lena mí-úsáid. Ní raibh uirlisí reachtacha nua tábhachtacha i ndáil leis sin, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga¹¹² agus an Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla, i bhfeidhm go hiomlán go fóill, áfach, do thoghcháin 2024.

An tráth céanna, tá soláthraithe VLOPanna agus VLOSEanna faoi réir oibleagáid shoiléir cheana féin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí sistémacha do phróisis toghcháin agus don dioscúrsa sibhialta, lena n-áirítear nuair atá siad nasctha le scaipeadh ábhair ionramháilte. Sa chomhthéacs sin, moladh i dtreoirlínte toghcháin an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha freisin, dá bhrí sin, bearta maolaithe a bhaineann leis an intleacht shaorga ghiniúnach ba cheart do sholáthraithe VLOPanna agus VLOSEanna a dhéanamh¹¹³. I bhfianaise na dtoghcháin, sheol an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis maidir le rioscaí intleachta saorga giniúnaí chuig sé Ardán an-Mhór ar Líne agus chuig dhá Inneall Cuardaigh an-Mhór ar Líne¹¹⁴.

Chun tacú le saincheisteanna a bhaineann leis an intleacht shaorga a shainaithint, thug buíon saineolaithe intleachta saorga cúnamh do Thascfhórsa EDMO chun ábhar mealltach nó míthreorach a ghintear leis an intleacht shaorga a bhrath agus a nochtadh go tapa.

Ina theannta sin, le Moladh 2023 maidir le toghcháin, spreagadh páirtithe polaitiúla chun gealltanais feachtais agus cóid iompair maidir le sláine toghcháin a ghlacadh, ar cheart a chuimsiú leo go háirithe an gealltanais staonadh ó iompraíocht ionramhála, go háirithe sonraí nó ábhar atá falsaithe, bréagach, docsáilte nó goidte a tháirgeadh, a úsáid nó a scaipeadh, lena n-áirítear domhainbhrionnuithe arna nginiúint ag córais intleachta saorga. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla faisnéis a sholáthar freisin maidir le húsáid córas intleachta saorga i bhfeachtais toghcháin. Tháinig Cód Iompair comhpháirteach do pháirtithe polaitiúla as an Moladh (féach Roinn 4.6).

¹¹¹ I gcomhthéacs na cumarsáide polaitiúla intíre, bhailigh imscrúduithe a rinne DFRLab, Alliance4 Europe agus AI Forensics 131 chás d'ábhar intleachta saorga giniúnaí neamhlépéadaithe a chomhroinneann páirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta ar ardáin amhail Instagram, X, Facebook, Vkontakte agus Telegram.

¹¹² [Rialachán \(AE\) 2024/1689](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um an Intleacht Shaorga), *IO L*, 2024/1689, 12.7.2024.

¹¹³ [Teachtairacht ón gCoimisiún](#) — Treoirlínte ón gCoimisiún do sholáthraithe Ardáin an-Mhór ar Líne agus Innill Cuardaigh an-Mhór ar Líne maidir le rioscaí sistémacha do phróisis toghcháin a mhaolú de bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (AE) 2022/2065, *IO C*, C/2024/3014, 26.4.2024.

¹¹⁴ An Coimisiún Eorpach, [Seolann an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis maidir le rioscaí intleachta saorga giniúnaí chuig sé Ardán an-Mhór ar Líne agus chuig dhá Inneall Cuardaigh an-Mhór ar Líne faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha](#), 14 Márta 2024.

4.4. Cosaint Sonraí

Tá teachtaireachtaí pearsantaithe do vótálaithe ag gabháil le feachtais toghcháin, ag brath ar phróiseáil a sonraí pearsanta. Ba iad toghcháin 2024 an dara toghchán Eorpach a raibh feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)¹¹⁵ maidir leo. In 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht shonrach freisin maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí sa chomhthéacs toghchánach, treoraíocht a bhí fós ábhartha do thoghcháin 2024¹¹⁶.

Mar údaráis atá i gceannas ar mhaoirseacht agus forfheidhmiú RGCS sna Ballstáit, thuairiscigh údaráis náisiúnta cosanta sonraí (ÚCSanna) leibhéil éagsúla rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le toghcháin. Cé go raibh baint ag roinnt ÚCSanna le hobair na líonraí náisiúnta toghcháin, thuairiscigh ÚCSanna eile go raibh siad teoranta d'aon rannpháirtíocht san obair sin.

Rinne ÚCSanna éagsúla bearta réamhghníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna cosanta sonraí agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha cosanta sonraí sa phróiseas toghcháin, mar shampla trí mholtaí, teoracha agus treoirínte a eisiúint, cé go raibh an rannpháirtíocht le hardáin na meán sóisialta teoranta ar an iomlán. Rinne roinnt ÚCSanna imscrúduithe ar chur i bhfeidhm rialacha cosanta sonraí i gcomhthéacs toghchán bunaithe ar fhaisnéis faoi chásanna amhrasta neamhchomhlíonta a tuairiscíodh dóibh agus ar ghearáin a cuireadh isteach faoi Airteagal 77 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

4.5. Bonneagar a bhaineann le toghcháin a chosaint agus cibear-athléimneacht a áirithiú

D'fhéadfadh bunachair sonraí clárúcháin vótálaithe, córais ríomhvótála agus córais faisnéise eile a úsáidtear chun oibríochtaí toghcháin a bhainistiú a bheith i mbaol cibirionsaí. Ní mór slándáil fhisiceach na stáisiún vótála agus na n-áiteanna comhairimh, agus saoráidí, sócmhainní agus córais chun ballóidí agus ábhair toghcháin ábhartha eile a phriontáil, a iompar agus a stóráil, a áirithiú freisin.

D'oibrigh an Coimisiún i gcomhar le húdaráis na mBallstát chun rioscaí den sórt sin a bhainistiú i dtoghcháin 2024, agus, le tacaíocht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus i gcomhar le Parlaimint na hEorpa, d'eagraigh sé cleachtadh boird maidir leis an gcibearshlándáil ina raibh ballraíocht an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin. Rinne an Coimisiún an cleachtadh a chistiú tríd an sásra comhpháirteach um an athléimneacht toghchánach. D'fhéach sé le hullmhacht na mBallstát in aghaidh cibirionsaithe agus bagairtí hibrídeacha a thástáil agus tacú leis an ullmhacht sin, lena n-áirítear faoi chuimsiú ionramháil ar fhaisnéis agus feachtais bhréagaisnéise.

Mar obair leantach ar Mholadh 2023 maidir le toghcháin agus an cleachtadh boird, thug an Grúpa Comhair maidir le Córais Gréasán agus Faisnéise le tacaíocht ón gCoimisiún, LCET agus ENISA an Choimre maidir le Cibearshlándáil na Teicneolaíochta Toghcháin cothrom le dáta. Chuir an Coimisiún Coimre de chleachtais ríomhvótála agus de chleachtais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide¹¹⁷ eile i láthair freisin i mí na Nollag 2023. Forbraíodh an Choimre sin i gcomhar leis na Ballstáit faoi chuimsiú an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin, agus faoi chuimsiú Chomhairle na hEorpa. Ina theannta sin, phléigh an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin rioscaí cibearshlándála ina chuid oibre go minic.

Nearthaigh an Grúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise, Líonra na Foirne Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí, agus Líonra an Aontais um Eagrú an Idirchaidrimh

¹¹⁵ [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) *IO L 119, 4.5.2016*.

¹¹⁶ [Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí sa Chomhthéacs Toghchánach – rannchuidiú ón gCoimisiún Eorpach chuig cruinniú na gCeannairí in Salzburg an 19-20 Meán Fómhair 2018](#), COM(2018) 638 final, 12 Meán Fómhair 2018.

¹¹⁷ An Coimisiún Eorpach, [Coimre na ríomhvótála agus cleachtais TFC eile](#), 6 Nollaig 2023.

maidir le Cibearghéarchéimeanna a gcomhar roimh na toghcháin freisin. Eagraíodh cleachtaí cibear-ullmhachta agus bunaíodh Tascfhórsa Idirinstitiúideach um Chibearghéarchéimeanna.

Tuairiscítear go bhfuil bearta déanta ag na Ballstáit chun bonneagar toghcháin fisiciúil agus digiteach a dhaingniú. Rinne formhór na mBallstát measúnuithe riosca ar an mbonneagar nó thug siad na measúnuithe sin cothrom le dáta agus rinne siad bearta chun ardleibhéal slándála a áirithiú. Thuairiscigh beagnach gach Ballstát go raibh tástálacha bainistithe géarchéime agus pleananna teagmhasacha déanta acu, agus gur thairg siad tacaíocht agus oiliúint do na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

Thuairiscigh roinnt Ballstát gur chomhoibrigh siad le heintitis phríobháideacha chun ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú¹¹⁸, agus thug tromlach díobh dá n-aire go raibh an t-údarás atá freagrach as cibearshlándáil rannpháirteach ina líonra toghcháin náisiúnta. Rinne go leor Ballstát iarrachtaí freisin chun feasacht a mhéadú maidir le sábháilteacht ar líne na bpáirtithe polaitiúla, na n-iarrthóirí agus na n-oifigeach toghcháin¹¹⁹.

Bhí éagsúlacht mhór sna hiarrachtaí cibearshlándála a rinne páirtithe polaitiúla le linn thoghcháin 2024. I measc na bpáirtithe polaitiúla náisiúnta uile a ndearnadh suirbhé orthu, thuairiscigh thart ar leath acu go raibh bearta cibearshlándála de shaghas éigin déanta acu. Astu sin, bhí cleachtais níos forbartha glactha ag beagnach 30 % díobh amhail measúnuithe riosca, oiliúint, agus tástáil treáite. I measc na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha a ndearnadh suirbhé orthu, chuir thart ar 83 % díobh ardbhearta cibearshlándála chun feidhme.

Le linn na tréimhse toghcháin, taifeadadh miontheagmhais chibearshlándála, den chuid is mó i bhfoirm ionsaithe diúltaithe seirbhíse dáilte faoi stiúir grúpaí haiceálaithe cúise ar son na Rúise¹²⁰.

4.6. Feachtasaíocht chóir agus cistiú an fheachtais toghcháin

Feachtasaíocht chóir

Le Moladh 2023 maidir le toghcháin, spreagadh páirtithe polaitiúla agus eagraíochtaí feachtais Eorpacha agus náisiúnta chun cóid iompair dheonacha nó gealltanais feachtais a thacaíonn le saorthoghcháin chóra agus athléimneacha a fhorbairt agus cloí leo. Ar bhonn an Mholta sin, shínigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha uile Cóid Iompair do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024 ag searmanas arna óstáil ag an gCoimisiún¹²¹. Shínigh líon teoranta páirtithe polaitiúla náisiúnta an Cóid freisin. Leis an gCód Iompair, cuirtear croíluachanna chun cinn amhail trédhearcacht, cothroime agus fírinneacht sa chumarsáid, agus cur in aghaidh na bréagaisnéise agus na hionramhála faoi thionchar na hintleachta saorga go gníomhach an tráth céanna.

Léirigh páirtithe polaitiúla náisiúnta agus Eorpacha leibhéil éagsúla maidir le cloí leis an gCód Iompair, agus bhí cuid acu réamhghníomhach trí ghealltanais bhreise a thabhairt isteach, athbhreithnithe iarthoghcháin a dhéanamh, agus trédhearcacht a chur chun cinn i maoiniú feachtais.

Ó thaobh na mBallstát de, ghlac siad cineálacha éagsúla cur chuige chun tacú le sláine toghcháin agus feachtasaíocht chóir mar ullmhúchán do na toghcháin. Thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh forálacha reachtacha láidre acu chun sláine toghcháin a áirithiú, agus bhí Ballstáit eile ag brath ar ghealltanais ionracais agus ar chóid eiticiúla dheonacha¹²².

¹¹⁸ An Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn.

¹¹⁹ An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil agus an tSlóivéin.

¹²⁰ An Coimisiún Eorpach, [Oibríochtaí maidir le cur isteach ar fhaisnéis aitheanta le linn thoghcháin mhí an Mheithimh 2024 do Pharlaimint na hEorpa](#), Deireadh Fómhair 2024.

¹²¹ An Institiúid Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus Cúnamh Toghchánach, [CÓD IOMPAIR LE HAGHAIDH THOGHCHÁIN PHARLAIMINT NA HEORPA 2024](#), 4 Aibreán 2024.

¹²² Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre.

An feachtas toghcháin a chistiú

Braitheann sláine na dtoghchán ar go leor tosca, lena n-áirítear trédhearcacht i maoiniú páirtithe, rud a chuidíonn le muinín a choinneáil, tionchar míchuí a chosc, agus cuntasacht a áirithiú, go háirithe maidir le tabhartais ó thríú tíortha nó ó fhoinsí neamhnócha.

I Moladh 2023 maidir le toghcháin, moltar do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le tabhartais agus cistiú eile ó thríú tíortha, go háirithe trí thrédhearcacht na dtabhartas agus an chistithe eile a chur chun cinn agus trí thabhartais suas le méid áirithe a theorannú nó tabhartais do ghníomhaithe polaitiúla náisiúnta a thoirmeasc, nuair a thagann tabhartais den sórt sin ó thríú tíortha. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as tabhartais ó thríú tíortha agus as tabhartais a d'fhéadfadh a bheith nasctha le gníomhaíocht choiriúil, lena n-áirítear éilliú, sciúradh airgid agus coireacht eagraithe.

Tá na rialacha agus na creataí maidir le cistiú polaitiúil sách éagsúil i measc na mBallstát. Tá bearta glactha ag roinnt Ballstát nó tá bearta á mbreithniú acu chun trédhearcacht agus maoirseacht a mhéadú maidir le maoiniú páirtithe polaitiúla, d'fhonn tacú leis an gcuntasacht dhaonlathach agus cur isteach eachtrach a chosc freisin¹²³.

Thuiriscigh roinnt Ballstát go gceadaíonn siad tabhartais ó dhaoine nádúrtha ó thríú tíortha, le teorainneacha i gcásanna áirithe, agus ceadaíonn Ballstáit eile cistiú ó thríú tíortha faoi choinníollacha sonracha. Forchuireann roinnt Ballstát tairseacha maidir le tabhartais ó thríú tíortha, agus ceadaíonn Ballstáit eile eisceachtaí cúnga áirithe le haghaidh ranníocaíochtaí a chomhlíonann rialacha náisiúnta nó ó eintitis shonracha. Tá toirmisc iomlána ar chistiú ó thríú tíortha tugtha isteach ag roinnt Ballstát eile, nó tá breithniú á dhéanamh acu orthu.

Leagtar síos rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus a bhfondúireachtaí cleamhnaithe i Rialachán (AE) 1141/2014, atá á athbhreithniú faoi láthair, go háirithe chun na forálacha cistiúcháin a shoiléiriú (féach Roinn 5.2)¹²⁴.

4.7. Sábháilteacht: cosaint na n-iarrthóirí agus na n-ionadaithe tofa

Is féidir le polaiteoirí agus iarrthóirí polaitiúla dul i ngleic le brú agus bagairtí míchuí ar a slándáil, rud a bhfuil éifeacht seach-iarmharta dhiúltach aige ar ionadaíocht dhaonlathach chuimsitheach. Tháinig a sábháilteacht chun cinn mar ábhar plé le linn na dtoghchán sin.

Ina bhfreagraí ar shuirbhé an Choimisiúin, thuiriscigh roinnt páirtithe polaitiúla Eorpacha agus náisiúnta go raibh siad ar an eolas faoi theagmhais ciaptha agus foréigin, ar líne agus as líne araon, agus gur minice a díríodh ar iarrthóirí mná agus ar mhionlaigh, go comhréireach. Bhí bearta curtha i bhfeidhm ag thart ar 41 % de na páirtithe náisiúnta a ndearnadh suirbhé orthu chun foréigean ar líne nó bagairtí in aghaidh iarrthóirí a chosc nó a chomhrac.

Leagtar béim freisin i dtuarascálacha ó bhreathnóirí toghcháin¹²⁵ ar theagmhais scanrúla foréigin, ciaptha agus imeaglaithe i roinnt Ballstát. Tá grúpaí sonracha, lena n-áirítear mná, i mbaol go háirithe.

¹²³ An Coimisiún Eorpach, [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta](#), 24 Iúil 2024.

¹²⁴ Tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Samhain 2020 i gcás T-107/19 ACRE v an Pharlaimint.

¹²⁵ ESCE/ODIHR, [Misean Speisialta Measúnaithe Toghchán, Toghcháin Pharlaimint na hEorpa an 6-9 Meitheamh 2024](#), 27 Samhain 2024; Election-Watch.EU, [Misean Measúnaithe Toghchán, Tuarascáil Chríochnaitheach, Toghcháin Pharlaimint na hEorpa an 6-9 Meitheamh 2024](#), Meán Fómhair 2024.

4.8. Príomhthorthaí agus bearta leantacha

Reáchtáladh toghcháin 2024 le linn athruithe móra doimhne ar an éiceachóras faisnéise. Tá méadú tagtha ar an mbrú atá ar an bpróiseas toghcháin ar líne agus as líne araon, tá cur isteach naimhdeach agus iarrachtaí bréagaisnéise ag éirí níos láidre, agus modhanna ionramhála níos éagsúla agus níos sofaisticiúla.

An tráth céanna, in ainneoin na timpeallachta deacra faisnéise, in éagmais mórtheagmhais a d'fhéadfadh cur isteach ar thoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, léirítear ullmhacht an Aontais chun próisis toghcháin a chosaint agus saorthoghcháin chóra agus athléimneacha a áirithiú.

Chuir an raon leathan beart ullmhachta, amhail gníomhachtú na Freagartha Polaitiúla Comhtháite ar Ghéarchéimeanna, na treoirlínte maidir le toghcháin do sholáthraithe VLOPanna agus VLOSEnna, na pléití sa Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin, na cleachtaí boird éagsúla agus úsáid an Chórais Mearfhreagartha faoin gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis, le hullmhacht mhéadaithe, malartú faisnéise níos éasca agus brath tapa agus obair leantach teagmhas. Na struchtúir ullmhachta agus chomhair nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, le tacaíocht ó raon leathan beart cumarsáide chun athléimneacht na sochaí a threisiú, is léir go bhfuil siad fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hionramháil eachtrach ar fhaisnéis, cur isteach agus bréagaisnéis le linn na dtoghchán. Chuidigh bearta réamhghníomhacha na n-údarás cosanta sonraí le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cosanta sonraí agus le comhlíonadh na rialacha cosanta sonraí sa phróiseas toghcháin a áirithiú. Áirithíodh ardleibhéal cibearshlándála, agus tacaíodh le feachtasaíocht chóir.

Mar sin féin, tá gá le faireachas leanúnach. Tá bagairtí ag forbairt go han-tapa i gcónaí, agus béim á leagan ar an ngá atá le hiarrachtaí agus acmhainn oibríochtúil a threisiú ó thaobh feachtas ar dhálaí agus freagartha de, anuas ar chomhar trasearnála le páirtithe leasmhara.

Ag féachaint chun cinn, tá sé rithabhachtach reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur chun feidhme, chomh maith le maoirseacht láidir a dhéanamh maidir leis an gcomhar idir na húdaráis éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas toghcháin.

Beidh tábhacht i gcónaí le malartú taithí maidir le toghcháin, lena n-áirítear measúnú ar theagmhais agus ar imeachtaí gan choinne a dhéanann difear do stiúradh rianúil toghchán.

I gcomhthéacs an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin, thacaigh an Coimisiún le seicliosta oibríochtúil a fhorbairt maidir le sláine toghchán agus mairtís bainistithe riosca chun feidhmiú mar phointí tagartha inrochtana le haghaidh ullmhacht náisiúnta. Tá mapáil á déanamh aige freisin ar na creataí is infheidhme maidir le comhdheiseanna d'iarrthóirí polaitiúla.

Ba cheart d'ardáin ar líne a sholáthraíonn seirbhísí san Aontas cloí leis an reachtaíocht ábhartha lena dtacaítear le spás daonlathach cothrom de chuid an Aontais, lena n-áirítear i dtéarmaí comhdheiseanna d'iarrthóirí. Tá ról lárnach ag gníomhaithe eile freisin, lena n-áirítear an tsochaí sibhialta, breathnóirí toghcháin agus na meáin, chun tacú le spás daonlathach cothrom.

Léirigh uirlisí amhail iad siúd a chuirtear ar fáil leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a mbreisluach i gcomhthéacs toghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa chun a áirithiú gur tugadh aghaidh leordhóthanach ar rioscaí sistéamacha don dioscúrsa sibhialta agus do phróisis toghcháin ar ardáin an-mhór ar líne agus ar innill chuardaigh agus gur maolaíodh na rioscaí sin. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid agus de ghníomhaíocht a dhéanamh faoi chuimsiú a fhreagrachta faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha i gcás ina bhfuil údar leis sin. Ós rud é go ndearnadh an Cód Cleachtais deonach maidir le Bréagaisnéis a chomhtháthú i gcreat rialála an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i mí Feabhra 2025, féadfaidh an Coimisiún brath ar an gCód mar thagarmharc do bhearta is féidir le hardáin a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sistéamacha a bhaineann le bréagaisnéis.

A luaithe a bheidh an Gníomh um an Intleacht Shaorga curtha chun feidhme go hiomlán¹²⁶, ní mór domhainbhrionnuithe a lipéadú go soiléir agus an t-ábhar uile a ghintear leis an intleacht shaorga a mharcáil, rud a chuirfidh ar chumas úsáideoirí na meán sóisialta ábhar den sórt sin a bhrath go héasca. Ní mór samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha lena mbaineann rioscaí sistéamacha a bheith faoi réir bearta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí do dhaonlathais agus do thoghcháin agus chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá toirmeasc ar chleachtais dho-ghlactha ionramhála intleachta saorga áirithe (mar shampla giniúint teachtaireachtaí fothairseachúla) faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga. Beidh ar chórais intleachta saorga ardriosca — lena n-áirítear iad siúd atá ceaptha tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn — ceanglais dhiana a chomhlíonadh sula gcuirfear ar an margadh iad agus beidh siad faoi réir measúnuithe rialta.

Le cur i bhfeidhm iomlán an Rialacháin nua maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 ar aghaidh, déanfar an bosca uirlisí a shuibhriú a thuilleadh, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á hurramú go hiomlán, trí chomhchaighdeán trédhearcachta a sholáthar agus trí spriocdhírú agus seachadadh na fógraíochta polaitiúla a chumadh. Leis an Rialachán sin, nach raibh infheidhme go hiomlán fós le linn toghcháin 2024, déantar foráil maidir le caighdeán choiteanna de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar chleachtais fhadhbacha áirithe i scaipeadh fógraíochta polaitiúla san Aontas, rud a chuireann le díospóireacht chothrom dhaonlathach. Leis an Rialachán, forchuirfear ceanglais shonracha freisin i gcomhthéacs teicnící spriocdhírthe agus seachadta fógráin a bhaineann le sonraí pearsanta, lena n-áirítear nuair a úsáidtear an intleacht shaorga. Tá an Coimisiún ag tacú le teacht i bhfeidhm iomlán an Rialacháin trí threoraíocht agus gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú maidir le lipéid agus fógraí. Beidh ar na húdaráis náisiúnta na hacmhainní is gá a bheith acu chun maoirseacht leordhóthanach a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin sin.

Ina theannta sin, beidh sé ríthábhachtach tacú le comhlíonadh láidir cosanta sonraí agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, amhail próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na meán sóisialta agus intleacht shaorga, chun sláine an phróisis toghcháin a chosaint.

Tá sé tábhachtach a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir leis an mbaol a bhaineann le cibirionsaithe, agus úsáid á baint as teicneolaíocht atá ag éirí níos beaichte de réir a chéile. Ba cheart tuilleadh a dhéanamh freisin ar leibhéal na bpáirtithe polaitiúla náisiúnta, amhail ullmhacht, feasacht, comhordú agus tacaíocht a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí i mbearta cosanta cibearshlándála, agus chun cosaint chomhsheasmhach a áirithiú lena gcumhdaítear bonneagar a bhaineann le toghcháin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

Ba chéim dhearfach chun cinn é síniú an Chóid Iompair ag Páirtithe Polaitiúla Eorpacha ó thaobh tacú le feachtasaíocht chothrom, agus chuideodh tiomantas breise agus comhlíonadh cód agus gealltanas ó pháirtithe polaitiúla, lena n-áirítear páirtithe náisiúnta, le sláine feachtais a fheabhsú, lena n-áirítear trí mhaoiniú páirtithe a dhéanamh níos trédhearcaí. Le comhaontú a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, atá ar feitheamh faoi láthair leis na comhreachtóirí, rannchuideofar freisin le haghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le cistiú.

Is gá timpeallacht dhearfach shlán a chothú, chun cur ar chumas iarrthóirí polaitiúla agus iad siúd a thoghtar chun a bhfreagrachtaí polaitiúla a fheidhmiú, gan imní. Bheadh bailiú sonraí feabhsaithe d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na bagairtí méadaithe d'iarrthóirí agus d'ionadaithe tofa ina chuidiú. Tá an Coimisiún tiomanta d'obair a dhéanamh chun sábháilteacht na n-iarrthóirí polaitiúla agus na

¹²⁶ Tháinig an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024 agus beidh sé infheidhme go hiomlán 2 bhliain ina dhiaidh sin an 2 Lúnasa 2026, cé is moite de roinnt eisceachtaí: tháinig toirmisc agus oibleagáidí litearthachta intleachta saorga i bhfeidhm ón 2 Feabhra 2025, tiocfaidh na rialacha rialachais agus na hoibleagáidí le haghaidh samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2025, agus tá idirthréimhse fhadaithe go dtí an 2 Lúnasa 2027 ag na rialacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca — atá leabaithe i dtáirgí rialáilte.

n-ionadaithe tofa a chosaint ar bhealach níos fearr i gcomhthéacs ullmhú na Sciatha Eorpaí don Daonlathas.

Beidh sé tábhachtach freisin na creataí oibríochtúla maidir le sláine toghcháin a neartú a thuilleadh, comhar a chothú i measc na mBallstát maidir leis an ábhar sin, ailíniú agus comhsheasmhacht a fheabhsú idir bearta a dhéantar i réimsí eile, agus an tsochaí ina hiomláine a rannpháirtiú, ó thaobh ‘ullmhacht chuimsitheach’ a fhorbairt don Aontas ina iomláine, mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Niinistö, i measc nithe eile¹²⁷.

5. AN GHNÉ EORPACH AGUS FEIDHMIÚ CHEARTA TOGHCHÁNACHA AN AONTAIS

5.1. An ghné Eorpach

Tá impleachtaí díreacha ag baint le toradh na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa do shaoránaigh. Bíonn tionchar aige, mar shampla, ar an gcaoi a múnlaítear beartais agus ar na dlíthe a ritear ar an leibhéal Eorpach agus a chuirtear chun feidhme ar fud an Aontais. Ní mór do shaoránaigh a bheith ar an eolas faoina bhfuil i gceist ar an leibhéal Eorpach má tá siad chun roghanna eolasacha a dhéanamh. Mar sin féin, bhí an díospóireacht pholaitiúil agus an feachtas polaitiúil do thoghcháin 2024 sna Ballstáit fós faoi cheannas saincheisteanna náisiúnta agus áitiúla, agus ní dhearnadh an nasc leis an leibhéal Eorpach a phlé ná a thuiscint chomh maith céanna.

Rinne Parlaimint na hEorpa gné Eorpach na dtoghchán a chur chun cinn go gníomhach trí oíche toghcháin a eagrú, trí nuashonruithe fíor-ama a chur ar fáil do na meáin maidir le líon na vótálaithe agus comhdhéanamh na Parlaiminte.

Trí ghné Eorpach na dtoghchán a chur chun cinn neartaítear an nasc idir na saoránaigh agus na hinstiúidí Eorpacha agus, dá bhrí sin, dlisteanacht dhaonlathach na cinnteoireachta Eorpaí.

Le Rialachán (AE) 1141/2014 bunaítear córas sonrach dlí, airgeadais agus rialála do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d’fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. In 2021, mhol an Coimisiún athmhúnlú ar an Rialachán seo le leasuithe chun na forálacha cistiúcháin a shoiléiriú, idirghníomhaíochtaí páirtithe polaitiúla Eorpacha lena mballpháirtithe náisiúnta agus thar theorainneacha a éascú, trédhearcacht a mhéadú, go háirithe i ndáil le fógraí polaitiúla agus tabhartais pholaitiúla, ualach riaracháin iomarcach a laghdú agus inmharthanacht airgeadais páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mhéadú. Tá an togra seo fós á chaibidlíú.

Le Moladh 2023 maidir le toghcháin, moltar do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar ghné Eorpach na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear chun cuidiú le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus le grúpaí polaitiúla Eorpacha de chuid Parlaimint na hEorpa a bhfeachtais a stiúradh. Iarrann sé ar na Ballstáit fógra a thabhairt d’iarrthóirí agus tús a chur le feachtasaíocht i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 6 seachtaine ar a laghad roimh lá an toghcháin. Molann sé faisnéis a thabhairt don phobal maidir le cleamhnachtaí idir páirtithe polaitiúla náisiúnta agus páirtithe polaitiúla Eorpacha roimh na toghcháin agus lena linn. Leis an Moladh, spreagtar páirtithe polaitiúla náisiúnta freisin chun an páirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil siad cleamnaithe a chur in iúl go poiblí roimh thús an fheachtais toghcháin.

Cuireann na Ballstáit raon tráthchlár i bhfeidhm chun iarrthóirí a fhógairt agus amlínte feachtasaíochta do thoghcháin Parlaimint na hEorpa. Mar shampla, sa Ghearmáin, sa Phortaingéil agus sa tSualainn, is féidir tús a chur le feachtasaíocht níos mó ná 9 mí roimh lá an toghcháin, rud a chuireann tréimhsí

¹²⁷ An Coimisiún Eorpach, [‘Réidhe agus ullmhacht shibhialta agus mhíleata na hEorpa a neartú: Tuarascáil ón gComhairleoir Speisialta Niinistö’](#), 30 Deireadh Fómhair 2024.

fadaithe ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht pholaitiúil. San Fhionlainn, tosaíonn feachtasaíocht idir 6 mhí agus 9 mí roimh na toghcháin, agus i dtíortha amhail an Bheilg, an tSeicia, an Liotuáin, an Laitvia agus an tSlóvaic, is iondúil go dtosaíonn feachtais 3 mhí go 6 mhí roimh ré. I bhformhór na dtíortha, níor ceadaíodh na hiarrthóirí a fhógairt ná tús a chur le feachtasaíocht ach amháin laistigh de 3 mhí roimh na toghcháin.

Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le cleamhnachtaí idir páirtithe polaitiúla náisiúnta agus Eorpacha. Mar shampla, éascaíonn an Iodáil rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin trína Lár-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Toghcháin, trí threoracha mionsonraithe a fhoilsiú ina dtagraítear do rialacha an Aontais agus trína áirithiú go léirítear cleamhnachtaí ar bhallóidí. Ar an gcaoi chéanna, leagann an Liotuáin béim ar na cleamhnachtaí sin ar bhallóidí agus spreagann sí iarrachtaí feasachta poiblí. I roinnt mhaith tíortha eile, bíonn na húdaráis ábhartha ag brath ar shuíomhanna gréasáin institiúideacha chun sonraí a scaipeadh.

De réir a chéile, tá níos mó trédhearcachta á tabhairt isteach ag páirtithe polaitiúla náisiúnta maidir lena gcleamhnachtaí le páirtithe polaitiúla Eorpacha. I suirbhé an Choimisiúin, thuairiscigh go leor páirtithe ar fud na speictream polaitiúil go raibh a gcleamhnachtaí páirtithe polaitiúla Eorpacha fógartha go poiblí acu roimh thús an fheachtais toghcháin Eorpaigh. D'iarr cuid acu freisin ar phearsana polaitiúla Eorpacha mór le rá freastal ar chomhdhála agus seisiúin oiliúna thiomnaithe maidir leis na toghcháin a raibh sé mar aidhm leo borradh a chur faoi lón na vótálaithe.

5.2. Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chearta toghchánacha an Aontais agus ar dhlí toghcháin an Aontais

Is toghcháin uathúla iad na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Rannchuidíonn na Ballstáit, agus a bhfeachtais náisiúnta, liostaí náisiúnta agus rialacha agus traidisiúin shainiúla féin ag gach ceann acu, le toradh comhchoiteann, agus déanann Feisirí tofa ionadaíocht ar shaoránaigh uile den Aontas.

Leagtar amach prionsabail agus nósanna imeachta coiteanna áirithe i ndlí an Aontais, lena n-áirítear Ionstraim 1976 maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach agus na rialacha a chuireann ar a gcumas do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais a gceart chun vótáil agus chun seasamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina dtír chónaithe a fheidhmiú.

Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach

In 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le dlí toghcháin an Aontais a athchóiriú, inar moladh leasuithe spriocdhírthe áirithe chun feabhas a chur ar ghné dhaonlathach na dtoghchán Eorpach agus ar dhlísteacht phróiseas cinnteoireachta an Aontais. An 7 Meitheamh 2018, d'fhorhmeas an Chomhairle dréachtchinneadh lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (Cinneadh 2018/994 ón gComhairle). Tá dul chun cinn déanta maidir le daingniú an chinneadh sin ach níl sé tugtha chun críche go fóill.

An 3 Bealtaine 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a togra le haghaidh Rialachán nua ón gComhairle maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, arb é is aidhm dó an Ionstraim atá ann cheana maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a aisghairm¹²⁸. Moltar ann athchóiriú cuimsitheach a dhéanamh agus síneadh

¹²⁸ Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Bealtaine 2022 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh (76/787/CEGC, CEE, Euratom) ón gComhairle agus an Gníomh a bhaineann le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin ([2020/2220\(INL\)](#) – [2022/0902\(APP\)](#)).

a chur leis na rialacha toghcháin a leagtar síos ar leibhéal an Aontais chun na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a eagrú, lena n-áirítear toghlach Eorpach chun 28 bhFeisire breise a thoghadh ó liostaí uile-Aontais (sa bhreis ar na liostaí náisiúnta)¹²⁹. Ní dhearnadh aon dul chun cinn sa Chomhairle maidir leis an bplé ar an togra sin.

Cé nach bhfuil ról foirmiúil ag an gCoimisiún sa phróiseas, tá gealltanús tugtha aige le Parlaimint na hEorpa teacht ar chomhaontú maidir leis an togra sin.

Cearta toghcháin

Áiríodh i bpacáiste beart 2021 chun an daonlathas a threisiú agus sláine na dtoghcháin a chosaint, a ghlac an Coimisiún, dhá thogra reachtach chun athmhúnlú a dhéanamh ar na Treoracha maidir leis an gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát seachas a dtír thionscnaimh¹³⁰. Is é is aidhm do na tionscnaimh sin na rialacha atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta, a shoiléiriú agus a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais, agus rannpháirtíocht leathan chuimsitheach a áirithiú sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, tacú le saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais i bhfeidhmiú a gceart agus sláine na dtoghcháin a chosaint.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairimí ar na tograí sin an 14 Feabhra 2023. Tá dul chun cinn mór déanta sa phlé sa Chomhairle maidir leis an dá chomhad¹³¹. Thángthas ar chomhaontú sa Chomhairle i mí Aibreáin 2024 i ndáil leis an Treoir maidir le toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus is le Parlaimint na hEorpa atá an téacs faoi láthair le haghaidh próiseas comhairliúcháin¹³².

Ilvótáil a chosc

Trí bhithin nuashonruithe teicniúla, chuir an Coimisiún feabhas ar an gcriptea-uirlis agus ar an ardán slán le haghaidh criptiú sonraí vótálaithe agus iarrthóirí ar saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais iad, ag tacú le malartuithe idir na Ballstáit arb é is aidhm dóibh ilvótáil a chosc. I gcomhthéacs an Ghrúpa Saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin¹³³, d'eagraigh sé tástáil freisin agus chuir sé treoirlínte a bhí cothrom le dáta ar fáil maidir leis an gcriptea-uirlis agus ardán slán chun tacú leis na Ballstáit úsáid éifeachtúil a bhaint as na huirlisí sin. D'éascaigh sé sin malartú slán sonraí idir na Ballstáit chun ilvótáil agus iarrthóireachtaí dúbailte a chosc, i measc saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais.

Ar an mbonn sin, idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2024, chriptigh na Ballstáit níos mó ná 1 600 vótálaí agus comhaid liosta iarrthóirí agus mhalartaigh siad sonraí maidir le thart ar 1 mhilliún vótálaí agus 135 iarrthóir. Mar thoradh ar an malartú sin, sainathnóidh níos mó ná 300 000 clárú iomadúla saoránach.

¹²⁹ Áirítear sa togra freisin forálacha maidir le rialacha comhchoiteanna feachtasaíochta, spriocdhátaí riaracháin, lá toghcháin aonair an 9 Bealtaine, tréimhsí coiteanna vótála agus iarrthóireachta, rochtain éigeantach ar vóta poist agus tacaíocht do mhodhanna eile, forálacha chun rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas a neartú agus comhionannas inscne a chur chun cinn sna hiarrthóirí atá ag seasamh i dtoghcháin.

¹³⁰ [Togra](#) le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú), COM/2021/732 final; [Togra](#) le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú), COM(2021)733 final.

¹³¹ Tá an plé ar an Treoir maidir le toghcháin bhardasacha fós ar siúl.

¹³² Tá an téacs faoi réir nós imeachta reachtach speisialta le haontoilíocht sa Chomhairle agus le comhairliúchán le Parlaimint na hEorpa.

¹³³ Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus Eintitis Chomhchosúla eile, [Grúpa saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin — An ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha \(E00617\)](#).

Leagtar béim i dtuarascálacha ó bhreathnóirí toghcháin amhail ESCE/OIDHR ar na hiarrachtaí substaintiúla atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit srian a chur leis an ilvótáil, ina luaitear nach cosúil go bhfuil cleachtas na hilvótála forleathan. An tráth céanna, molann breathnóirí an próiseas malartaithe sonraí a neartú chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán an choisc ar ilvótáil.

Na dúshláin atá fós ann maidir le vótáil dhúbailte a chosc, tá siad nasctha go príomha leis na difríochtaí i ndlíthe agus i nósanna imeachta náisiúnta, go háirithe maidir le spriocdhátaí rollaí toghthóirí, rud a bhfuil tionchar aige ar thréimhse an mhalartaithe sonraí¹³⁴.

Mar chuid dá n-iarrachtaí faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais, thuairiscigh na Ballstáit gur ardaigh siad feachtas maidir leis an toirmeasc ar ilvótáil agus ar smachtbhannaí gaolmhara.

Le teacht i bhfeidhm Chinneadh 2018/994 ón gComhairle lena leasaítear an Dlí Toghcháin agus glacadh athmhúnlú Threoir 93/109/CE, neartófaí na huirlisí atá ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar an vótáil dhúbailte.

Formhaoirseacht ag an gCoimisiún agus teacht chun cinn chásdlí ábhartha an Aontais

Is ar na húdaráis inniúla náisiúnta agus ar na cúirteanna atá an phríomhfhreagracht comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta, comhlíonadh dhlí an Aontais agus comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha is infheidhme maidir le stiúradh agus eagrú toghchán a áirithiú.

Ina cháil mar chaomhnóir na gConarthaí, rinne an Coimisiún gníomhaíochtaí éagsúla chun a áirithiú go raibh dlí an Aontais á chur chun feidhme agus chun deireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann ar fheidhmiú chearta toghchánacha na saoránach den Aontas. Bíonn an Coimisiún i mbun idirphlé tráthrialta leis na Ballstáit agus cuireann sé tacaíocht ar fáil do shaoránaigh.

An 13 Samhain 2024, i gcás a thionscain an Coimisiún in aghaidh na Seicia agus na Polainne maidir le srianta ar dhul isteach i bpáirtithe polaitiúla intíre do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais¹³⁵, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, má tá an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha le feidhmiú go héifeachtach, nach mór rochtain chomhionann a thabhairt do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais ar na modhanna atá ar fáil do náisiúnaigh an Bhallstáit sin chun an ceart sin a fheidhmiú. Ós rud é go gcuireann ballraíocht i bpáirtí polaitiúil go mór le feidhmiú na gcearta toghchánacha a thugtar le dlí an Aontais, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur sháraigh an tSeicia agus an Pholainn dlí an Aontais tríd an gceart a dhiúltú do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais a bheith ina gcomhaltaí de pháirtí polaitiúil¹³⁶.

Fuair an Coimisiún roinnt litreacha ó shaoránaigh den Aontas inar ardaíodh saincheisteanna sonracha i mBallstáit éagsúla, lena n-áirítear spriocdhátaí chun iarrthóirí a chlárú, vótáil ag dénáisiúnaigh, leigheasanna atá ar fáil, cearta toghchánacha grúpaí sonracha nó vótáil ó thríú tír.

Thuairiscigh na Ballstáit agus breathnóirí toghcháin deacrachtaí áirithe maidir le rannpháirtíocht saoránach soghluaiste de chuid an Aontais:

- náisiúnaigh atá ag filleadh ar ais (saoránaigh a bhog ar ais go dtí a dtír thionscnaimh ó Bhallstáit eile) nach raibh ar an eolas gur ghá bearta a dhéanamh lena scriosadh ó rolla toghthóirí an

¹³⁴ Ós rud é gur gnách nach mbíonn a fhios ag na Ballstáit cé acu dá náisiúnaigh a bhfuil náisiúntacht Ballstáit eile acu freisin, is féidir le dénáisiúnaigh clárú in dhá Bhallstát. Le hIonstraimí 1976 maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, toirmiscear vótáil níos mó ná uair amháin. Tá smachtbhannaí i bhfeidhm ag formhór na mBallstát in aghaidh na vótála dúbailte. Thuairiscigh formhór na mBallstát a thug freagra ar an suirbhé a sheol an Coimisiún freisin gur chuir siad faisnéis ar fáil maidir leis an toirmeasc ar ilvótáil agus maidir leis na smachtbhannaí is infheidhme, ina bhfeachtais múscaile feachtas.

¹³⁵ An Coimisiún Eorpach — Preaseisiúint, [cearta toghchánacha na saoránach den Aontas: Cinneann an Coimisiún an tSEICIA agus an PHOLAINN a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais](#), 9 Meitheamh 2021.

¹³⁶ Cásanna C-808/21 agus C-814/21.

Bhallstáit ina raibh cónaí orthu roimhe sin nó nach raibh in ann iarratas a dhéanamh ar aistriú ó rolla toghthóirí tar éis sprioc-dháta áirithe;

- saoránaigh nach raibh ar an eolas faoina gceart vótála maidir le saoránacht an Aontais d'iarrthóirí an Bhallstáit cónaithe in ionad an Bhallstáit tionscnaimh;
- saoránaigh nach raibh ar an eolas faoi na foirmiúlachtaí agus na spriocdhátaí chun iarratais a chur isteach lena gclárú ar an rolla toghthóirí sa Bhallstát cónaithe agus le haghaidh vóta poist;
- saoránaigh nach bhfuil ar an eolas faoina stádas clárúcháin (cibé acu atá ar an rolla toghthóirí sa Bhallstát tionscnaimh nó sa Bhallstát cónaithe);
- bacainní teanga agus nósanna imeachta anásta nó doiléire maidir le clárú sa Bhallstát cónaithe.

Ghníomhaigh Ionad Teagmhála Europe Direct mar líne chabhrach do na saoránaigh do thoghcháin 2024 ar leibhéal an Aontais agus d'fhreagair sé 2 797 gceist a bhain leis na toghcháin idir mí Mheán Fómhair 2023 agus mí an Mheithimh 2024. Bhain thart ar 60 % de na cásanna le cearta toghchánacha agus foirmiúlachtaí¹³⁷. Chuaigh formhór na ndaoine i dteagmháil le Ionad Teagmhála Europe Direct le ceisteanna faoi phraiticiúlachtaí, amhail suíomhanna agus amanna oscailte na stáisiún vótála agus na doiciméid ba cheart a thabhairt leo. Bhain thart ar 20 % de na cásanna le faisnéis a mheastar a bheith in easnamh ó na Ballstáit agus bacainní nó teagmhais a mheastar a bheith ag cur cosc ar dhaoine vótáil ar laethanta toghcháin¹³⁸.

5.3. Príomhthorthaí agus bearta leantacha

An ghné Eorpach de na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a neartú, trí thrédhearcacht a fheabhsú, feasacht an phobail ar chleamhnachtaí idir páirtithe polaitiúla náisiúnta agus Eorpacha a ardú, agus comhdheiseanna feachtais a áirithiú do chách, beidh sé ina phríomhchuspóir i gcónaí roimh an gcéad téarma toghcháin eile.

I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa chun teacht ar chomhaontú maidir lena togra le haghaidh Ionstraim nua maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, agus tacóidh sé leis na comhreachtóirí an chaibidlíocht a thabhairt chun críche maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

Tá sé rithábachtach teacht ar chomhaontú maidir le hathmhúnlú na Treorach maidir le cearta toghchánacha na saoránach soghluaiste de chuid an Aontais i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa chun creat níos láidre a chur ar fáil chun tacú le saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais cearta toghchánacha a fheidhmiú, lena n-áirítear ilvótáil a chosc. Leis an Treoir, cuirfear teimpléid choiteanna ar fáil a fhéadfaidh na Ballstáit a úsáid ina nósanna imeachta clárúcháin vótálaithe agus iarrthóirí. Rannchuideoidh sé le comhchuibhiú nósanna imeachta clárúcháin vótálaithe agus iarrthóirí sna Ballstáit agus méadóidh sé an dóchúlacht go ndéanfaidh a mBallstát baile saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais a shainiú go cruinn, rud a áiríteoidh nach vótálfad siad ná nach seasfaidh siad mar iarrthóir faoi dhó sna toghcháin chéanna. Tá sé sin comhsheasmhach leis na bearta sonracha chun clárú éasca a áirithiú a leagtar amach i Moladh 2023 maidir le toghcháin.

Tá dlúthchomhar idir institiúidí den Aontas chun saoránaigh a chur ar an eolas agus teagmháil a dhéanamh leo, lena n-áirítear trí líne chabhrach toghcháin a choinneáil ar bun lena gcuirfear bealach éasca ar fáil do shaoránaigh den Aontas teagmháil a dhéanamh le hinstiúidí den Aontas maidir lena gcearta toghchánacha, trí Ionad Teagmhála Europe Direct.

Leanfaidh an Coimisiún de bhearta a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil dlí an Aontais á chur chun feidhme agus chun deireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar fheidhmiú chearta toghchánacha na saoránach den Aontas, lena n-áirítear saoránaigh shoghluaiste.

¹³⁷ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

¹³⁸ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

6. BREATHNÓIREACHT TOGHCHÁIN

Le Moladh 2023 maidir le toghcháin, cuirtear breathnóireacht toghcháin chun cinn lena n-áirítear breathnóireacht ó shaoránaigh ós rud é gur bealach éifeachtúil é chun saoránaigh a rannpháirtíú sa phróiseas toghcháin agus chun feabhas a chur ar mhuinín an phobail as toghcháin.

Tacaíonn breathnóireacht toghcháin le sláine na bpróiseas toghcháin. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le breathnóirí toghcháin i gcomhthéacs na hoibre leantaí ar Mholadh 2023 maidir le toghcháin, agus an cuireadh a tugadh do na Ballstáit breathnóireacht neamhspleách toghcháin a spreagadh agus a éascú. Pléadh bearta chun breathnóireacht toghcháin a chur chun cinn i gcomhthéacs an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin agus ghlac breathnóirí toghcháin páirt i gcruinnithe éagsúla.

Mar fhreagairt ar shuirbhé an Choimisiúin, dheimhnigh beagnach 70 % de na Ballstáit go raibh bearta sonracha déanta acu chun breathnóireacht ar thoghcháin 2024 ag saoránaigh agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a éascú. Thacaigh go leor Ballstát le breathnóireacht toghcháin trí chreataí náisiúnta, cláir oiliúna, agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail ESCE/ODIHR agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta amhail Election-Watch.EU.

Thuairiscigh thart ar 40 % de bheagnach 60 páirtí polaitiúil náisiúnta a thug freagra ar shuirbhé an Choimisiúin cineál éigin comhair le breathnóirí toghcháin. I ndáil leis sin, thuairiscigh roinnt páirtithe gur chomhoibriú siad le hobair bhreathnóireachta ESCE/ODIHR.

Rinne Oifig ESCE um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) misean speisialta measúnaithe toghchán a imscaradh ina raibh foireann lárnach de sheachtar saineolaithe idirnáisiúnta atá lonnaithe sa Bhruiséil agus 10 n-anailísí réigiúnacha a imscaradh ar fud Bhallstáit an Aontais. Léirítear sa tuarascáil chríochnaitheach a d'eisigh ESCE/ODIHR go raibh na toghcháin fíoriomaíoch, eagraithe go gairmiúil agus cuimsitheach. Bhain roinnt réimsí a sainathnódh le haird níos mó a thabhairt orthu le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, neamhréireachtaí i rialacháin toghcháin, agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus ar imeaglú, lena n-áirítear i leith iriseoirí.

Rinne an eagraíocht sochaí sibhialta Election-Watch.EU a dara misean measúnaithe toghchán chuig toghcháin Pharlaimint na hEorpa i ngach ceann de na 27 mBallstát san Aontas le 77 saineolaí toghcháin agus breathnóirí toghcháin agus 10 n-eagraíocht breathnóirí toghcháin saoránach atá ar aon intinn leo.

Ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'éascú na rochtana le haghaidh breathnóireacht toghcháin, lena n-áirítear rochtain ag saoránaigh. Cuirfidh an Coimisiún lena iarrachtaí chun tacú le malartú deachleachtais maidir le breathnóireacht toghcháin, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin.

7. CONCLÚIDÍ

Beidh todhchaí na hEorpa i ndomhan atá briste ag brath ar dhaonlathas láidir a bheith againn agus ar na luachanna a thugann na saoirsí agus na cearta ar mór againn iad a chosaint¹³⁹.

Tá saorthoghcháin chóra athléimneacha i gcroílár dhaonlathas an Aontais agus i gcroílár na muiníne sna hinstiúidí den Aontas. I dtoghcháin 2024 do Pharlaimint na hEorpa, chonacthas go raibh líon na vótálaithe cobhsaí agus go raibh raon leathan gníomhaíochtaí cumarsáide ann chun tacú leis sin. Chuir an tAontas dlús leis an dúshlán a bhaineann le hathléimneacht agus sláine thoghcháin 2024 a áirithiú. A bhui le hullmhacht chríochnúil agus comhar neartaithe ar gach leibhéal, níor cuireadh isteach go mór ar na toghcháin. Chonacthas leibhéal comhair nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i dtoghcháin 2024 idir institiúidí, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara éagsúla eile.

¹³⁹ Ursula von der Leyen, [Treoirínte Polaitiúla le haghaidh an Choimisiúin nua, 2024-2029](#), 18 Iúil 2024.

An tráth céanna, tugtar le fios sna sonraí sa tuarascáil seo go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe ar chuimsitheacht na rannpháirtíochta toghchánaí agus rannpháirtíocht na saoránach. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach tacú le líon ard na vótálaithe agus le rannpháirtíocht chuimsitheach i ndaonlathas na hEorpa, lena n-áirítear daoine óga. Is gá freisin tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'iarrachtaí chun feabhas a chur ar ghné Eorpach na dtoghchán, agus ar dhea-chleachtais sa bhreathnóireacht toghcháin. Ba cheart leanúint de na hiarrachtaí chun cearta na saoránach den Aontas agus luachanna an Aontais a chosaint. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, tá ról tábhachtach ag raon leathan gníomhaithe faoi chur chuige uile-shochaí. Tá ról lárnach ag na Ballstáit freisin mar gheall gur orthusan atá na príomhfhreagrachtaí maidir le stiúradh agus eagrú na dtoghchán.

Ó bhí na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ann, léiríonn forbairtí a bhaineann le toghcháin náisiúnta i mBallstáit an Aontais, i dtíortha is iarrthóirí agus i gcomharsanacht na hEorpa, a thábhachtaí atá sé feacht ar dhálaí a threisiú agus iarrachtaí eile chun faireachán a dhéanamh ar dhúshláin agus ar bhagairtí ar phróisis toghcháin, iad a bhrath, anailís a dhéanamh orthu agus aghaidh a thabhairt orthu.

Tá an timpeallacht ina bhfuil dúshláin agus bagairtí do thoghcháin ag teacht chun cinn go tapa, mar aon leis na hoirbhearta agus na teicnící a úsáidtear. Is minic a tharlaíonn feachtais bhréagaisnéise agus ionramháil ar fhaisnéis eile a dhéanann gníomhaithe naimhdeacha éagsúla, ón taobh amuigh agus ón taobh istigh den Aontas, agus déantar iarracht leo spreagadh na saoránach chun vóta a chaitheamh a laghdú, rud a dhéanann difear don mhuinín as institiúidí daonlathacha. Braitheann teicnící ionramhála ar theicneolaíocht atá ag síorathrú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an intleacht shaorga. Is dúshlán do shásraí maoirseachta iad córais chistiúcháin theimhneacha sna héiceachórais dhigiteacha nua. D'fhéadfadh sé nach leor creataí traidisiúnta a forbraíodh chun comhdheiseanna a áirithiú do pháirtithe polaitiúla agus d'iarrthóirí i dtoghcháin (a mhéid a bhaineann le cumhdach na meán, mar shampla) chun aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí na n-éiceachóras digiteach nua.

Treisítear a chéile athléimneacht toghcháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Is gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do shláine na dtimpeallachtaí toghchánacha, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa timpeallacht rialála agus trí mhaoirseacht láidir chomhordaithe ag údaráis inniúla a sholáthar. Chun tacú leis an maoirseacht chomhleanúnach sin, bheadh sé tábhachtach comhar níos láidre a áirithiú i measc na n-údarás náisiúnta atá ábhartha do phróisis toghcháin, lena n-áirítear trí líonraí náisiúnta toghcháin.

Tá sé ríthábhachtach freisin feabhas a chur ar ullmhacht, maolú riosca agus tacaíocht idir na Ballstáit. Ós rud é gur léirigh obair an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin an breisluach a bhaineann léi trí phointí teagmhála na líonraí náisiúnta a thabhairt le chéile, ba cheart a chuid oibre a chothú, agus ról a bheith ag an líonra sin mar phointe fócasach comhair maidir le toghcháin san Aontas.

Chun saorthoghcháin chóra a chosaint, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú go réachtálfar toghcháin i dtimpeallacht inar féidir le ról daonlathach a bheith ag na meáin neamhspleácha agus iolraíocha agus ag eagraíochtaí sochaí sibhialta. Ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bhreathnóireacht neamhspleách toghcháin.

Anuas ar an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus ar an bPacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais, chomh maith leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thoghcháin Eorpacha 2024 a leagtar amach sa tuarascáil seo, cuirfidh an Coimisiún creat straitéiseach i láthair chun an daonlathas san Aontas a chosaint agus a neartú a thuilleadh faoin Sciath Eorpach don Daonlathas atá ar na bacáin.